PGR Student Survey.ie

PGR StudentSurvey.ie
Tuarascáil Náisiúnta 2025

ÚAO An tÚdarás um Ard-Oideachas The Higher Education Authority
AMLÉ Aontas na Mac Léinn in Éirinn
TUA Technological Universities Association
iua IRISH UNIVERSITIES ASSOCIATION
AdvanceHE

Forbraíodh an t-ábhar seo agus a bhfuil ann thar ceann Chomhpháirtíocht náisiúnta StudentSurvey.ie. Úsáidtear roinnt de na ceisteanna sa suirbhé seo le cead ó Advance HE, an Ríocht Aontaithe (“AHE”), agus is le AHE an cóipcheart ar an ábhar sin agus ar a bhfuil ann. Ní cheadaítear aon atáirgeadh, aon mhodhnú ná aon oiriúnú gan toiliú roimh ré i scríbhinn a fháil ó AHE. © Advance HE 2012. Arna leasú sa bhliain 2024 Gach ceart ar cosaint.

Clár Ábhar

Buíochas	2
Brollach ó na Comhurraitheoirí	3
Achoimre Fheidhmeach	4
Réamhrá	6
An Comhthéacs Beartais Taighde Náisiúnta	8
Rannpháirtíocht i Suirbhé na bliana 2025	11
Príomhfhionnachtana	13
Breac-chuntas mion ar na freagraí	20
Rannán A: Bonneagar agus Saoráidí Taighde	21
Rannán B: Cistiú	22
Rannán C: Maoirseacht	23
Rannán D: Cultúr Taighde	24
Rannán E: Dul Chun Cinn agus Measúnú	25
Rannán F: Deiseanna Forbartha	27
Rannán G: Teagasc agus Léiriú	31
Rannán H: Scileanna Taighde	32
Rannán I: Scileanna Inaistrithe Eile	33
Rannán J: Freagrachtaí agus Tacaí	35
Rannán K: Dearcadh pearsanta	36
Rannán L: Spreagthaí	37
Rannán M: Gairm	39
Rannán N: Eispéireas Foriomlán	41
Rannán O: Éirí As	42
Plé	44
Tuilleadh Faisnéise	47

Buíochas

Tá StudentSurvey.ie comhurraithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), ag Cumann Ollscoileanna Éireann (COÉ), ag Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta (COT) agus ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ), ar ar tugadh USI roimhe seo.

Ba mhaith le comhurraitheoirí StudentSurvey.ie buíochas a ghabháil leis na 4,225 mhac léinn taighde iarchéime a thug a n-am agus a léargas luachmhar agus iad ag glacadh páirt in PGR StudentSurvey.ie 2025 agus a bhfuil a gcuid tuairimí mar bhunús leis na torthaí atá sa tuarascáil seo.

Tá na comhurraitheoirí buíoch freisin de choiste stiúrtha StudentSurvey.ie, de Ghrúpa Cumarsáide StudentSurvey.ie agus de Ghrúpa Anailíse agus Tionchair StudentSurvey.ie. Léirítear sa tuarascáil seo ionchur agus athbhreithniú comhoibríoch na ndaoine sin agus geallsealbhóirí eile.

Aithníonn comhurraitheoirí StudentSurvey.ie freisin na príomhionadaithe do bhaill foirne agus do mhic léinn i ngach ceann de na hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha a chuireann an suirbhé chun cinn ina n-institiúid féin.

Mar fhocal scoir, tá na comhurraitheoirí buíoch as iarracht agus tacaíocht gach baill foirne, gach baill foirne teagaisc agus gach duine den lucht ardbhainistíochta sna hinstitiúidí rannpháirteacha, a leanann a gcuid tacaíochta le bheith ríthábhachtach maidir leis an rath atá ar PGR StudentSurvey.ie agus maidir leis an tionchar dearfach a imríonn sé ar an tírdhreach ardoideachais agus taighde agus nuálaíochta in Éirinn.

Brollach ó na Comhurraitheoirí

Tá StudentSurvey.ie comhurraithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), ag Cumann Ollscoileanna Éireann (COÉ), ag Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta (COT) agus ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ), ar ar tugadh USI roimhe seo.

Forbraíodh agus cuireadh chun feidhme PGR StudentSurvey.ie chun bonn eolais a chur faoi phléití agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin ar fud institiúidí ardoideachais, agus na pléití agus na gníomhaíochtaí sin a chothú agus a spreagadh, agus chun beartas náisiúnta a threorú.

Is ag institiúidí ardoideachais atá foinsí éagsúla sonraí faoina gcuid mac léinn. Tá tacar sonraí StudentSurvey.ie ina gcomhpháirt luachmhar de na foinsí sin, a úsáidtear ar bhealaí éagsúla, agus ar bhealaí a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí, chun cleachtas maith a shainaithint agus chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha atá ceaptha chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú agus chun rath mac léinn a chur chun cinn.

Le PGR StudentSurvey.ie (Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn do Mhic Léinn Taighde Iarchéime), iarrtar freagraí ar mhic léinn taighde iarchéime (mic léinn máistreachta taighde agus mic léinn dochtúireachta) ar thimthriall suirbhé débhliantúil. Le PGR StudentSurvey.ie, fiafraítear go díreach de mhic léinn faoina n-eispéiris ar an ardoideachas in Éirinn, lena n-áirítear a bhforbairt acadúil, phearsanta agus shóisialta. Sa bhliain 2025, ghlac 4,225 mhac léinn ó 17 n-institiúid ardoideachais páirt sa suirbhé. Tá sé sin cothrom le ráta freagartha 37%, atá i bhfad níos airde ná an 2,721 fhreagra a taifeadadh in obair allamuigh a rinneadh don suirbhé sa bhliain 2019.

Is suirbhé cuimsitheach é an suirbhé, agus iniúchtar ann cuid mhór gnéithe d'eispéireas na mac léinn san ardoideachas. Baintear an tairbhe is mó amach nuair atá tuiscint dhomhain ag mic léinn agus ag na baill foirne atá ag léirmhíniú na sonraí araon ar an gcomhthéacs áitiúil. Tá seans ann gur le feiceáil ar an leibhéal áitiúil a bheidh na treochtaí atá i réim ar an leibhéal náisiúnta, agus tá seans ann freisin gur as sonraí áitiúla a thiocfaidh léargas an-suntasach. Dá bhrí sin, is cinneadh institiúideach tábhachtach é a shocrú conas is fearr is féidir na sonraí a úsáid. Is gá an méid sin a bhreithniú ó thaobh beartais náisiúnta de freisin.

Mar chomhurraitheoirí, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go n-úsáidfear na torthaí chun eispéireas na mac léinn a fheabhsú i ngach institiúid ardoideachais. I gcás na mac léinn a chomhlánaíonn an suirbhé, tá sé ríthábhachtach go n-aithneodh siad go n-éistear lena n-aiseolas agus go bhfuil meas ar an aiseolas sin agus go dtagann athrú fiúntach as. Molaimid do léitheoirí uile na tuarascála seo breithniú a dhéanamh ar na fionnachtana, machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ráite ag mic léinn, agus freagairt don mhéid sin trí dhul i mbun gnímh.

Achoimre Fheidhmeach

Is é is aidhm do PGR StudentSurvey.ie léargas a thabhairt ar eispéireas na mac léinn taighde iarchéime agus, i dtorthaí na bliana 2025, tarraingítear aird ar roinnt mhaith forbairtí dearfacha.

Bhí tuairimí fabhracha ag mic léinn faoi leibhéal agus cáilíocht na maoirseachta a fuair siad, bhí tuiscint láidir acu ar an méid ba ghá dóibh a dhéanamh, agus bhraith siad go raibh siad ag forbairt scileanna láidre taighde agus scileanna inaistrithe eile. Tríd is tríd, mheas siad a n-eispéireas taighde ardoideachais a bheith dearfach.

Nuair a fhéachtar ar na torthaí ar bhonn fadaimseartha, tá patrún leantach feabhsúcháin sheasta le feiceáil ar fud roinnt príomhréimsí den eispéireas taighde iarchéime:

- Tá méadú tagtha ar an líon mac léinn a bhfuil níos mó ná maoirseoir amháin acu.
- Tá pleananna forbartha pearsantaithe á gcur chun feidhme ar bhonn níos leithne.
- Tá fáil níos éasca ag mic léinn ar chomhairle gairme.
- Leanann an t-aonrú sóisialta de bheith ag meath, go háirithe i gcomparáid leis an scéal le linn ré phaindéim COVID-19.
- Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar an líon deiseanna a fhaightear chun am a chaitheamh thar lear.

Leanaimid le méadú fáilteach a fheiceáil ar an líon mac léinn a thuairiscíonn go bhfuil siad ag obair i gcomhar le heagraíocht sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí. Tá an ráta comhoibrithe cothrom le 26% anois (níos airde ná an figiúr i suirbhéanna roimhe). Is léiriú é sin ar neartú leantach an chomhair, agus ar an bhfás leantach ar líonraí comhoibríocha, idir an tsochaí shibhialta agus an lucht léinn, rud ar cheart go gcabhródh sé leis na figiúirí sin a mhéadú amach anseo.

Beag beann ar na treochtaí dearfacha, is féidir tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh go fóill. Tharraing ár bhfreagraithe aird ar roinnt réimsí ar gá do gach geallsealbhóir leanúint le hobair iontu ar mhaithe leis an eispéireas taighde iarchéime a fheabhsú. Ba ann do mhíshástacht mhéadaitheach le saoráidí taighde, agus níorbh eispéireas uilechoiteann é an t-eispéireas teagaisc agus léirithe agus níor measadh ach oiread go bhfeabhsaíonn sé eispéireas taighde na mac léinn.

Bhainfeadh cineálacha áirithe mac léinn tairbhe as díriú níos mó a bheith á leagan orthu sna blianta atá le teacht. Mar atá mionsonraithe sa tuarascáil seo, níor tharla sé i ngach cás gur thuairiscigh mic léinn Pháirtaimseartha agus Chianda[1] agus mic léinn Leibhéal 9 (mic léinn Taighde Máistreachta) na leibhéil sástachta a mbeifí ag súil leo, i gcomparáid le mic léinn Lánaimseartha agus mic léinn Leibhéal 10.

Tá difríochtaí suntasacha ann idir na cineálacha deiseanna forbartha atá ar fáil. Ba sna réimsí seo a leanas a bhí na deiseanna ar baineadh an leas ba mhó astu: tabhairt faoi oiliúint chun scileanna taighde a fhorbairt; freastal ar chomhdháil taighde acadúil; agus páipéar nó póstaer a chur i láthair ag comhdháil taighde acadúil. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú 5% ar an líon mac léinn a thug faoi oiliúint chun scileanna inaistrithe eile a fhorbairt ó bhí an bhliain 2019 ann. Ba i réimse na fiontraíochta, na nuálaíochta agus an tionscail a bhí na deiseanna ar baineadh an leas ba lú astu, dar le mic léinn –

1 Foghlaim ar líne/ríomhfhoghlaim, den chuid is mó.

i.e., oiliúint a fháil san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht, dul i mbun socrúcháin nó intéirneachta, nó obair i gcomhar leis an tionscal.

Maidir lena bpleananna don todhchaí, thug mic léinn an tosaíocht ab airde do ghairm acadúil san ardoideachas. Thug siad an tosaíocht ab airde ina dhiaidh sin do ghairm eile san ardoideachas agus ansin do gairm taighde san ardoideachas. Níor shainaithin ach cion beag de mhic léinn gairm taighde lasmuigh den ardoideachas a bheith mar thosaíocht acu, agus tá gá sainaitheanta ann anseo le naisc níos láidre a chinntiú idir an lucht taighde agus an lucht tionscail, ionas go mbeidh deiseanna taighde sa gheilleagar eolais infheicthe agus tarraingteach araon.

Is ábhar imní é gur smaoinigh beagnach duine amháin as gach triúr mac léinn (31%) faoi éirí as a gclár, agus é sin á chur síos go príomha do chúiseanna airgeadais agus do chúiseanna pearsanta/teaghlaigh. Tá seans ann go bhfuil tionchar ag an Réimse Staidéir ar an méid sin freisin, agus an sciar de fhreagraithe a rinne breithniú dáiríre ar éirí as a gclár sa raon idir 17% i gcás Cláir Chineálacha agus Cáilíochtaí Cineálacha agus 42% i gcás Seirbhísí. Ina theannta sin, tá claonadh méadaithe i dtreo éirí as le feiceáil de réir mar a chuaigh na mic léinn in aois.

Maidir le tionchar an chúigiú leagan seo de PGR StudentSurvey.ie a thomhas, is ábhar imní é arís gur aontaigh níos lú ná leath na mac léinn go bhfuil meas ag a n-institiúid ar aiseolas ó mhic léinn atá ag tabhairt faoi chéimeanna taighde agus go bhfreagraíonn a n-institiúid don aiseolas sin. Tá roinnt fionnachtana dearfacha ann: de réir mar a chuaigh na mic léinn in aois, tháinig méadú beag ar an dearcadh ina measc go bhfuil meas ar a gcuid aiseolais, agus tháinig méadú measartha ar an bhfigiúr ó bhí an bhliain 2019 ann (méadú 3%). Tríd is tríd, áfach, tugann an méid sin le tuiscint nach bhfuil gníomhartha áitiúla agus cur chun feidhme áitiúil a d'eascair as sonraí PGR StudentSurvey.ie le feiceáil agus le tuiscint go forleathan ag mic léinn taighde ar an gcampas go fóill.

Tríd is tríd, tá cuid mhór nithe ar cheart do chóras ardoideachais na hÉireann a bheith bródúil astu. Agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur rátáil triúr as gach ceathrar mac léinn a n-eispéireas taighde a bheith go sármhaith nó go maith (agus go raibh seans níos fearr ann go rátálfadh foghlaimeoirí an t-eispéireas a bheith go sármhaith de réir mar a chuaigh siad in aois). Dúshlán suntasach atá ag teacht chun cinn anois is ea conas na treochtaí dearfacha atá le feiceáil againn a leabú agus conas leas a bhaint as na nithe arb eol dúinn go n-éiríonn leo agus go bhfeabhsaíonn siad an t-eispéireas ardoideachais, ionas go mbainfidh na mic léinn uile tairbhe as sin.

Ba cheart do léitheoirí a chuimhneamh gur le deais chuimsitheach idirghníomhach ar líne, atá ar fáil ag www.studentsurvey.ie, a chomhlánaítear an tuarascáil seo. Ba cheart amharc ar an tuarascáil seo agus ar an deais i dteannta a chéile, ionas go ngnóthóidh an léitheoir an tuiscint is mó is féidir as na torthaí.

Réamhrá

Tá PGR StudentSurvey.ie deartha chun cur leis an tuiscint atá ann ar eispéireas na mac léinn taighde iarchéime, agus é dírithe ar réimsí amhail maoirseacht, cultúr taighde, acmhainní, agus forbairt ghairmiúil. Tá na sonraí ina léiriú ar dhearcthaí féintuairiscithe na mac léinn ar a n-eispéiris.

Osclaítear an suirbhé do mhic léinn taighde iarchéime (mic léinn Máistreachta Taighde agus mic léinn Dochtúireachta) gach dara bliain le linn mhí Fheabhra agus mhí an Mhárta ar feadh tréimhse oibre allamuigh trí seachtaine atá sonrach do gach institiúid. Tá an tuairisciú seo dírithe ar thorthaí na hoibre allamuigh a rinneadh sa bhliain 2025.

Dearadh na ceisteanna ionas go mbeadh siad ag teacht le heispéiris na mac léinn taighde, agus réamhthástáladh iad i gcomhar le grúpaí mac léinn taighde i roinnt institiúidí. Le PGR StudentSurvey.ie, úsáidtear suirbhé Advance HE PRES[2] mar bhunús.

Cén fáth a seolaimid na suirbhéanna seo?

Seoltar na suirbhéanna seo go príomha ionas go rachaidh siad chun tairbhe do gach institiúid agus dá mic léinn taighde iarchéime trí chabhrú le haiseolas a fheabhsú agus trí ghníomhaíocht leantach chuí a threorú. Is iad seo a leanas na cuspóirí atá le PGR StudentSurvey.ie:

- Trédhearcacht a mhéadú i ndáil le heispéireas na mac léinn ar an ardoideachas agus i ndáil lena rannpháirtíocht leis an ardoideachas.
- Mic léinn a chumasú ionchur díreach a thabhairt maidir lena n-eispéireas ar an institiúid ardoideachais agus maidir lena rannpháirtíocht leis an institiúid ardoideachais.
- Cabhrú le hinstitiúidí sainaithint a dhéanamh ar réimsí láidreachta maidir le rannpháirtíocht na mac léinn, ionas gur féidir leo leanúint leis na cleachtais sin agus iad a neartú.
- Cabhrú le hinstitiúidí sainaithint a dhéanamh ar réimsí inar gá rannpháirtíocht na mac léinn a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh ionas gur féidir leo freagairt.
- Gníomhú mar threoir maidir le feabhas leantach a chur ar theagasc agus foghlaim institiúidí agus ar rannpháirtíocht na mac léinn.
- Comparáid a éascú le córais eile ardoideachais ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal earnála agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

2 *Postgraduate Research Experience Survey ó Advance HE.*

Conas a bhainistítear na suirbhéanna?

Is mar chomhpháirtíocht chomhoibríoch a bhainistítear an tionscnamh StudentSurvey.ie. Tá sé comhurraithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), ag Cumann Ollscoileanna Éireann (COÉ) agus Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta (COT), arb iad comhlachtaí ionadaíocha na n-institiúidí iad, agus ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ).

Tá an cur chuige comhpháirtíochta atá i bhfeidhm ina ghné thábhachtach den tionscadal. Tá an tionscadal náisiúnta faoi bhainistiú ag grúpaí oibre atá comhdhéanta d'ionadaithe do na hinstitiúidí agus d'ionadaithe do mhic léinn. Tacaíonn foireann tionscadail leis na grúpaí oibre, agus tuairiscíonn sí do na heagraíochtaí comhurraíochta. Soláthraíonn cuideachta sheachtrach tríú páirtí an córas suirbhé ar líne don chomhpháirtíocht náisiúnta.

An Comhthéacs Beartais Taighde Náisiúnta

Leis an Suirbhé ar Mhic Léinn Taighde Iarchéime (PGR StudentSurvey.ie), tugtar léargas luachmhar ar eispéireas na mac léinn taighde iarchéime agus ar a n-aistear foghlama. Is leis an gcomhthéacs beartais atá leagtha amach anseo don oideachas taighde iarchéime a chuirtear an t-aistear sin i láthair in aghaidh roinnt de na mórbheartais agus na mórspreagthaí a mhúnlaigh an soláthar taighde iarchéime in Éirinn.

Sa doiciméad dar teideal *Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann 2022–2030*, aithnítear ról na tallainne, agus í 'ag croílár éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann agus ár rathúnais amach anseo mar dhaoine'.[3] Ceann de na príomhaidhmeanna atá leis an straitéis is ea an tionchar a uasmhéadú faoi chúig cholún, lena n-áirítear an tallann a uasmhéadú ar fud na gcéimeanna gairme uile faoi Cholún a Ceathair. Tugtar faoi deara sa straitéis a thábhachtaí atá sé tallann taighde a mhealladh agus a choinneáil, mar aon lena chinntiú go dtacaítear le gach mac léinn na scileanna a ghnóthú a theastaíonn chun freagairt d'fhorbairtí i réimse an taighde agus na nuálaíochta. Leagtar amach i gColún a Cúig de Impact 2030 aidhmeanna i ndáil le taighde agus leis an nuálaíocht trí nascacht uile-oileáin, AE agus dhomhanda.

Leis an g*Creat Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta*, a athbhreithníodh sa bhliain 2023, buntacaítear le sármhaitheas i ngach cineál oideachais dochtúireachta in Éirinn trí naoi bprionsabal a sholáthar lena gcuimsítear prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe agus na meabhairshláinte agus na folláine. Tugtar faoi deara sa Chreat gurb é an rud is bunúsaí agus is tábhachtaí den oideachas dochtúireachta go fóill ná eolas a chur chun cinn trí thaighde bunaidh. Is luach bunúsach sochaíoch é sin, atá bunaithe ar fhiosrúchán, ar an smaointeoireacht nuálach a chothú agus ar ardscileanna criticiúla a fhorbairt.

Ionas gur féidir le mic léinn taighde iarchéime eolas nua a chruthú agus scileanna nua a ghnóthú, teastaíonn timpeallacht agus cultúr taighde den scoth chun tacú le forbairt a bpróifílí taighde agus foghlama. Trí chúrsaí struchtúrtha PhD a sholáthar in institiúidí ardoideachais, soláthraítear conair trí eispéireas na mac léinn taighde iarchéime, ar conair í lena gcumasaítear do mhic léinn a gcuid foghlama a chur in oiriúint dá riachtanas scile ar leith agus dá n-aistear ar leith. Leis an gconair sin, cabhraítear le mic léinn a ullmhú freisin chun freastal ar na riachtanais taighde agus nuálaíochta atá ag an mórchóras agus ag an lucht tionscail agus fiontraíochta tar éis dóibh a ndámhachtain a bhaint amach.

Buntaca leis an timpeallacht agus an cultúr taighde in institiúidí ardoideachais in Éirinn is ea *Prionsabail an Chleachtais Mhaith Taighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann*, atá bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus lena n-aithnítear an comhthéacs domhanda ina ndéantar taighde. Tá comhoibriú agus soghluaisteacht taighdeoirí ina ngnéithe tábhachtacha den chomhthéacs domhanda sin, agus bíonn siad ag éirí níos ábhartha do mhic léinn taighde iarchéime de réir mar a bhogann mic léinn idirnáisiúnta go hÉirinn chun dul i mbun post mar mhic léinn taighde iarchéime agus de réir mar a fhásann comhoibriú idirnáisiúnta.

3 *Impact 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann 2022–2030, 3.*

Sa bhliain 2024, nuashonraigh an Fóram Náisiúnta um Shláine Taighde an *Ráiteas Beartais maidir le Sláine Taighde in Éirinn*, rud a bhfuil mar aidhm leis a chur de cheangal ar na príomheagraíochtaí i dtaighde na hÉireann cloí leis na caighdeáin sláine is airde agus a gcuid taighde á déanamh agus á scaipeadh acu.

Mar thoradh ar athruithe sa tírdhreach ardoideachais le deich mbliana anuas, tháinig fás ar an sainchúram taighde atá ar na hollscoileanna teicneolaíochta a bunaíodh faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. A bhuí leis an gcistiú a soláthraíodh d'institiúidí ardoideachais san earnáil teicneolaíochta sa bhliain 2023 tríd an gclár 'TU Research and Innovation Supporting Enterprise' (TU RISE), tá neartú á dhéanamh ar na feidhmeanna lárnacha taighde a thacaíonn le timpeallacht taighde agus foghlama na n-institiúidí faoi seach. Toradh eile atá ar an gcistiú sin is ea go bhfuil méadú ag teacht ar an líon mac léinn taighde iarchéime san earnáil teicneolaíochta agus ar rannpháirtíocht leis an lucht tionscail agus fiontraíochta i réigiúin na n-institiúidí.

Tá tionchar na dtionscnamh atá ceaptha chun taighde agus taighdeoirí a fhorbairt in Éirinn á aistriú ina rath ar an ardán domhanda. Sa bhliain 2025, thug Éire faoi deara gur tarraingíodh cistiú taighde dar luach €1 billiún ó Fhís Eorpach anuas, agus é sin ar an méid is mó riamh. Chomh maith leis sin, sa *Scórchlár Nuálaíochta Eorpach 2025*, scóráladh Éire mar 'nuálaí láidir' a mbrúitear a creatdálaí don nuálaíocht chun cinn "trí ghnóthachtáil láidir oideachais, trí chomhoibriú idirnáisiúnta taighde agus trí chumais dhigiteacha."[4]

I measc na bpríomh-mhéadrachtaí a bhí taobh thiar den scór sin bhí an céatadán de chéimithe dochtúireachta nua a cháiligh ó chóras ardoideachais agus taighde na hÉireann, agus é cothrom le 139.2% de mheán an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2025, an céatadán den daonra a raibh oideachas treasach aige, agus é cothrom le 205.1% de mheán an Aontais, agus an céatadán de dhaoine a bhí ag gabháil don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus é cothrom le 109.2% de mheán an Aontais. Chun scór foriomlán na hÉireann mar 'nuálaí láidir' a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, teastóidh neart leantach i réimse an oideachais taighde iarchéime.

Ní fhaigheann gach mac léinn taighde iarchéime stipinní/scoláireachtaí atá cistithe ag an rialtas. Braitheann cuid mhór díobh ar chistiú ó eagraíochtaí neamhrialtasacha nó ón lucht tionscail nó ar fhoinsí inmheánacha cistiúcháin de chuid institiúidí ardoideachais. Is mic léinn fhéinchistithe iad mic léinn eile. Tá méadú ar leibhéil stipinne ar cheann amháin de na bearta a rinneadh le blianta beaga anuas chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhic léinn taighde iarchéime. I gcás mic léinn taighde iarchéime a fhaigheann cistiú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tríd an gComhairle um Thaighde in Éirinn, tháinig méadú ar a stipinní go €22,000 sa bhliain 2023. Mhéadaigh roinnt gníomhaireachtaí eile cistiúcháin, an Bord Taighde Sláinte ina measc, a rátaí stipinne ag an am sin freisin. Cumascadh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó shin i leith faoin Acht um Thaighde agus Nuálaíocht, 2024, chun gníomhaireacht nua cistiúcháin darb ainm Taighde Éireann a chruthú, rud a sholáthraíonn cistiú ar fud na ndisciplíní uile agus na gcéimeanna gairme uile anois. Tháinig méadú ar na rátaí stipinne a íocann Taighde Éireann go €25,000 sa bhliain 2025.

Is leis an g*Creat um Champas Sláintiúil*, a seoladh sa bhliain 2023, a thacaítear leis an dul chun cinn atá ar bun ag institiúidí ardoideachais i réimse na meabhairshláinte agus na folláine. Leis an gCreat sin, tugtar treoirlínte d'institiúidí tríú leibhéal maidir le conas cur leis na gníomhartha folláine atá ann

4 *An Scórchlár Nuálaíochta Eorpach 2025: Próifíl tíre: Éire, 6.*

cheana, agus cabhraítear leis an tsláinte agus an fholláine a chomhtháthú ar fud an champais uile, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, tacaí agus seirbhísí do mhic léinn, forbairt foirne, agus beartais.

Mar thoradh ar chistiú dar luach €47.4 milliún a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2020, tugadh tacaíocht do thaighdeoirí agus do mhic léinn taighde iarchéime a raibh baol ann nach gcuirfí a ngníomhaíochtaí taighde i gcrích mar gheall ar shrianta a cuireadh i bhfeidhm le linn phaindéim COVID-19. Faoin 31 Nollaig 2024, bhí 2889 gcinn san iomlán d'fhaduithe costáilte COVID-19 dafa do mhic léinn taighde chun a chinntiú go bhféadfadh siad taighde a raibh tionchar ag srianta COVID-19 air a chur i gcrích. D'fhág sé sin go raibh a laghad cur isteach ann ar an bpíblíne tallainne agus gur tugadh cosaint d'infheistíochtaí státchiste i dtaighde.

San athbhreithniú ar an b*Plean Forbartha Náisiúnta* a foilsíodh sa bhliain 2025, gealltar infheistíocht chaipitil a dhéanamh thar an tréimhse 2026-2030, agus gealltanas á thabhairt go ndéanfar "infheistíocht bhreise san earnáil ardoideachais i ndáil le taighde, go suntasach i ndáil le bonneagar taighde".[5] Is é an toradh a bheidh ar aon infheistíocht amach anseo sa réimse seo ná go bhfeabhsófar an timpeallacht ina tugann taighdeoirí, lena n-áirítear mic léinn taighde iarchéime, faoina gcuid taighde agus go dtacófar tuilleadh le sármhaitheas agus comhoibriú ina dtimpeallachtaí foghlama.

Mar fhocal scoir, shainaithin an Limistéar Eorpach Taighde tosaíochtaí beartais agus gníomhartha buntacaíochta lena mbrúitear sármhaitheas i dtaighde chun cinn ar fud an Limistéir sin agus lena gcuirtear bonn eolais faoin dóigh a dtugann na ballstáit agus tíortha comhlachaithe, institiúidí ardoideachais, an lucht taighde agus mic léinn taighde faoina gcuid taighde agus faoin dóigh a gcomhoibríonn siad.

Tá an clár oibre is déanaí ón Limistéar Eorpach Taighde don tréimhse 2025–2027 dírithe ar réimsí beartais amhail iad seo a leanas:

- Eolaíocht oscailte, comhionannas inscne, agus inbhuanaitheacht gairme i dtaighde agus nuálaíocht.
- Bonneagair thaighde agus comhoibriú idirnáisiúnta a neartú.
- Measúnuithe taighde a athchóiriú agus luachshocrú eolais a threisiú.

Gné thábhachtach de thosaíochtaí beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde is ea comhoibriú; leanfaidh an obair atá ar siúl in Éirinn sna réimsí sin ar an leibhéal beartais i gcoitinne le taighde a chomhlánú ar fud an chórais ardoideachais agus taighde, agus treoróidh sí an dóigh a soláthrófar oideachas taighde iarchéime.

5 *Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta 2025, 29.*

Rannpháirtíocht i Suirbhé na bliana 2025

All postgraduate research students in participating Higher Education Institutions were invited to take part in the 2025 national survey. The participating institutions were:

- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
- Ollscoil Mhá Nuad
- Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha
- Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte
- Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ollscoil na Gaillimhe
- Ollscoil Luimnigh

Forbhreathnú ar na sonraí freagartha agus ar an gcohórt

Thug 4,225 mhac léinn freagra ar an suirbhé sa bhliain 2025. Tá sé sin cothrom le ráta freagartha 37%. Bhí an líon freagraí sin beagáinín níos ísle ná na 4,350 freagra a fuarthas sa bhliain 2023 (ráta freagartha 38.1%), ach bhí sé i bhfad níos airde ná na 3,541 fhreagra a fuarthas sa bhliain 2021 (ráta freagartha 34%) agus an 2,721 fhreagra a fuarthas sa bhliain 2019 (ráta freagartha 29.9%). Seo a leanas roinnt de na saintréithe suntasacha:

- Bhí formhór mór na bhfreagraithe (91%) ag déanamh staidéir ar son Chéim Dochtúireachta Leibhéal 10, agus bhí 9% díobh ag déanamh staidéir ar son chéim Máistreachta Taighde Leibhéal 9. Bhí 88% san iomlán ag déanamh staidéir ar bhonn Lánaimseartha, agus bhí 12% ag déanamh staidéir ar bhonn Páirtaimseartha agus Cianda.
- Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, agus fiú amháin nuair a chuirtear an daonra foriomlán san áireamh, ba mhó sciar na mBan a ghlac páirt sa suirbhé ná sciar na bhFear. Shainaithin 2,450 duine de na freagraithe (58%) iad féin mar dhaoine den inscne Bhaineann, agus shainaithin 1,474 dhuine díobh (41%) iad féin mar dhaoine den inscne Fhireann. I gcás 28 nduine, shainaithin siad iad féin mar dhaoine atá Neamh-dhénártha ó thaobh inscne de nó b'fhearr leo gan a n-inscne a lua (<.01%).[6]
- Ó thaobh aoise de, bhí 45% de fhreagraithe na bliana 2025 faoi bhun 30 bliain d'aois, bhí 33% díobh idir 30 bliain d'aois agus 40 bliain d'aois, agus bhí an 22% eile os cionn 40 bliain d'aois.
- De réir cineál institiúide, bhí 77% de na freagraithe lonnaithe in ollscoileanna, bhí 19% díobh lonnaithe in institiúidí ardoideachais teicneolaíochta, agus bhí 4% díobh lonnaithe in institiúidí ardoideachais eile amhail saincholáistí.
- Bhí sainchónaí thar lear ar thart ar 45% de na freagraithe, agus sainchónaí ar a bhformhór (55%) in Éirinn.
- Ba ó cheithre réimse staidéir a tháinig 69% san iomlán de na freagraí: Eolaíochtaí nádúrtha, Matamaitic agus Staidreamh (25%), Sláinte agus leas (15%), Innealtóireacht, Monaraíocht agus Foirgníocht (16%), agus na hEalaíona agus na Daonnachtaí (13%). Tá sé sin ag teacht, tríd is tríd, leis na suirbhéanna roimhe a rinneadh sna blianta 2019, 2021 agus 2023. Tháinig sciar níos lú de na freagraithe ó réimsí amhail Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (5%), Oideachas (5%), agus Seirbhísí (1%).

Gabhaimid buíochas leis na 4,225 mhac léinn sin a thug a n-am agus a léargas luachmhar trí pháirt a ghlacadh sa suirbhé.

6 Is ionann an líon beag sa ghrúpa seo (suas ó bheirt sa bhliain 2021 agus ó 15 dhuine sa bhliain 2023) agus <.01% den mhéid sampla. Tugann sé sin le fios gur cheart a bheith cáiréiseach agus an figiúr á léirmhíniú.

Rátaí Freagartha sna blianta 2021, 2023 agus 2025

Saintréith	2025	2023	2021
	37%	38%	34%
Méid an chohóirt mac léinn taighde iarchéime			
Cohórt mac léinn taighde iarchéime ar mó é ná 250 duine (i.e., >250 duine)	36%	38%	31%
Cohórt mac léinn taighde iarchéime ar lú é ná 250 duine (i.e., <250 duine)	76%	43%	63%
Modh staidéir			
Lánaimseartha	39%	41%	36%
Páirtaimseartha	25%	24%	24%
Cineál cláir			
Leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (i.e., Máistreacht trí thaighde)	30%	31%	38%
Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (i.e., Céim Dochtúireachta)	37%	39%	33%
Réimse staidéir			
Cláir chineálacha agus cáilíochtaí cineálacha	40%	55%	33%
Oideachas	31%	29%	32%
Na healaíona agus na daonnachtaí	38%	38%	33%
Eolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht, agus faisnéis	38%	39%	33%
Gnó, riarachán, agus dlí	38%	39%	37%
Eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic, agus staidreamh	41%	42%	37%
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide	30%	41%	32%
Innealtóireacht, monaraíocht, agus foirgníocht	38%	37%	35%
Talmhaíocht, foraoiseacht, iascach, agus tréidliacht	28%	39%	28%
Sláinte agus leas	33%	35%	29%
Seirbhísí	26%	26%	38%
Inscne			
Baineann	39%	41%	33%
Fireann	34%	34%	42%
Neamh-dhénártha ó thaobh inscne de nó b'fhearr leo gan a n-inscne a lua	42%	50%	0%
Tír an ghrúpa sainchónaithe			
Sainchónaí in Éirinn	34%	34%	33%
Sainchónaí thar lear	41%	44%	35%

Príomhfhionnachtana

Ba iad seo a leanas na príomhfhionnachtana ón suirbhé:

Eispéireas foriomlán

75%

Bhí **75%** de na freagraithe uile sásta lena n-eispéireas taighde, agus bhí muinín ag an gcéatadán céanna, nó mar sin, go gcríoch-nódh siad a gclár laistigh den chreat ama a rabhthas ag súil leis.

Maoirseacht

Thuairiscigh **37%** san iomlán de na freagraithe go raibh siad faoi mhaoirseacht ag maoirseoir amháin. Thuairiscigh **45%** díobh go raibh siad faoi mhaoirseacht ag beirt, agus **18%** díobh ag rá go raibh siad faoi mhaoirseacht ag triúr nó níos mó. Leanann an líon freagraithe a bhfuil triúr maoirseoirí nó níos mó acu de bheith ag ardú, ó **10%** sa bhliain 2019.

Cheap thart ar **85%** de na freagraithe uile gur thug a maoirseoir(í) leibhéal cuí tacaíochta dá gcuid taighde, agus d'aontaigh **88%** de na freagraithe go raibh teagmháil thráthrialta acu lena maoirseoir(í) ar bhealach a bhuí cuí dá riachtanais.

Bonneagar agus Saoráidí Taighde



Sa bhliain 2025, chreid **77%** de na freagraithe go raibh soláthar leordhóthanach saoráidí leabharlainne ann.





Bhraith **70%** san iomlán de na freagraithe go raibh spás oibre oiriúnach acu, agus 18% díobh míshásta lena spás oibre (bhí aois ina toisc thábhachtach anseo:



24 - 25
Bliain d'aois



40+
Bliain d'aois

Bhí **83%** de dhaoine idir 24–25 bliain d'aois sásta, i gcodarsnacht le **52%** díobh sin a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine). D'aontaigh thart ar **63%** de na freagraithe go raibh soláthar leordhóthanach acmhainní/saoráidí ríomhaireachta acu (tá aois ina toisc anseo freisin – thit an ráta aontaithe go **50%** i gcás daoine a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine). Tháinig laghdú ar an tsástacht fhoriomlán le saoráidí agus bonneagar idir na blianta 2019 agus 2025.

Funding



Ba le scoláireacht a cistíodh **58%** san iomlán de na freagraithe (**35%** i gcás daoine a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine), agus ba le deontas a cistíodh **20%** díobh. Cistíodh thart ar **5%** de na freagraithe le scoláireacht lenar cumhdaíodh táillí agus iad sin amháin, agus ba iad a bhfostóir a chistigh **7%** díobh (**16%** i gcás daoine a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine). Bhí **17%** san iomlán de na freagraithe féinchistithe (**36%** i gcás daoine a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine).

Cultúr taighde



Ní raibh leibhéal láidir aontaithe ann i leith ráitis maidir le cultúr taighde: d'aontaigh **61%** de na freagraithe gur spreag an t-atmaisféar taighde ina roinn a gcuid oibre (thit an figiúr sin ó **71%** i gcás na gcohórt is óige go **52%** i gcás na gcohórt is sine), agus d'aontaigh **55%** díobh go raibh deiseanna acu a bheith páirteach sa mhórphobal taighde.

Dul chun cinn agus measúnú

Tá codarsnachtaí láidre ann idir freagraithe Leibhéal 9 agus freagraithe Leibhéal 10 maidir lena gcuid tuairimí faoi Dhul Chun Cinn agus Measúnú ina n-institiúid féin. Tríd is tríd, áfach, d'aontaigh na freagraithe leis na nithe seo a leanas:

ráitis maidir le ceanglais agus spriocdhátaí

80%

caighdeáin

76%

nósanna imeachta measúnaithe

72%

Bhí ionduchtú ina réimse inar tugadh tuairim ní ba mheasctha, agus

21%

den tuairim nár freastalaíodh go leordhóthanach ar a riachtanais.

Deiseanna forbartha

82%
Full Time learners



68%
Part-time and Distance learners

Bhí oiliúint chun scileanna taighde a fhorbairt **(80%)** i measc na ndeiseanna forbartha ar baineadh an leas ba mhó astu. Cé go raibh an figiúr ina leith sin cothrom le **81%** i gcás mhic léinn Leibhéal 10, thit sé go **66%** i gcás mhic léinn Leibhéal 9. Ar an gcaoi chéanna, d'fhreastail **80%** ar chomhdháil taighde acadúil. Cé go raibh an figiúr ina leith sin cothrom le **82%** i gcás foghlaimeoirí Lánaimseartha, thit sé arís go **68%** i gcás foghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda.

Áiríodh leis na deiseanna eile ar baineadh leas astu páipéar nó póstaer a chur i láthair ag comhdháil taighde acadúil **(73%)**, agus rátaí éagsúla le feiceáil ina leith sin de réir modh staidéir (**75%** i gcás foghlaimeoirí Lánaimseartha, **61%** i gcás foghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda). Thuairiscigh cuid mhór díobh go raibh siad ag obair mar chuid d'fhoireann **(68%)**. Mar sin féin, maidir le bheith ag obair mar chuid d'fhoireann, tá rátaí éagsúla le feiceáil arís de réir modh staidéir: **70%** i gcás foghlaimeoirí Lánaimseartha, **50%** i gcás foghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda.

Ba i réimse na fiontraíochta, na nuálaíochta agus an tionscail a bhí na deiseanna ar bhain na freagraithe an leas ba lú astu: oiliúint a fháil san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht (20%), oiliúint san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht a chur i bhfeidhm sa chleachtas (12%), dul i mbun socrúcháin nó intéirneachta (21%), agus obair i gcomhar leis an tionscal (26%).

Teagasc agus léiriú

Thug **68%** de na freagraithe uile le fios go ndeachaigh siad i mbun teagaisc nó léirithe, ach bhí tionchar mór ag an modh staidéir ar na rátaí ina leith sin: dúirt **71%** d'fhoghlaimeoirí Lánaimseartha go ndearna siad amhlaidh, i gcomparáid le **45%** d'fhoghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda.

46%

An céatadán de na freagraithe a thuairiscigh go bhfuair siad tacaíocht agus treoir chuí dá gcuid teagaisc/léirithe.

Díobh sin a chuaigh i mbun teagaisc nó léirithe, níor cheap ach **54%** ar an meán gur bhain siad tairbhe as an eispéireas; cheap **56%** d'foghlaimeoirí Lánaimseartha gur bhain siad tairbhe as, agus an figiúr níos ísle fós i measc foghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda **(40%).** Tá difríochtaí aoise le feiceáil freisin: ní dheachaigh ach **51%** d'fhoghlaimeoirí a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine i mbun léirithe, i gcomparáid le **77%** díobh sin a bhí 28–29 bliain d'aois. Dá bhrí sin, is léir go dteastaíonn tuilleadh eispéireas/deiseanna sa réimse seo ó fhoghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda agus ó fhoghlaimeoirí atá 40 bliain d'aois nó níos sine araon.

Scileanna taighde agus scileanna inaistrithe eile

Bhraith na freagraithe gur cuireadh scileanna taighde agus scileanna inaistrithe eile orthu. D'aontaigh tromlach mór gur tháinig forbairt ar a gcuid scileanna i modheolaíochtaí taighde, anailís chriticiúil, agus tuiscint ar shláine taighde **(87%, 86%** agus **88%)**.

Freagrachtaí agus tacaí

Thuig 90% de na freagraithe uile a gcuid freagrachtaí mar mhac léinn céime taighde.

Cé go raibh méadú **3%** le feiceáil ó bhí an bhliain 2019 ann, is ábhar imní é gur bhraith níos lú ná leath na bhfreagraithe **(46%)** go bhfuil meas ag a n-institiúid ar aiseolas ó mhic léinn céime taighde agus go bhfreagraíonn sí don aiseolas sin. Tugann sé sin le tuiscint nach mbíonn an léargas a ghnóthaítear ó fhócasghrúpaí aiseolais agus ó shuirbhéanna amhail PGR StudentSurvey.ie á n-aistriú go seasta ina ghníomhaíocht ar an talamh nó nach mbíonn an léargas sin á chur in iúl go héifeachtach do mhic léinn.



Dearcadh Pearsanta



Bhí sástacht leis an gcothromaíocht oibre is saoil cothrom le 59%, an figiúr is airde le trí shuirbhé anuas. Tá tuilleadh pleananna oiliúna agus forbartha i bhfeidhm anois freisin.

Níor chreid thart ar **25%** de na freagraithe go raibh duine ann ina n-institiúid lena bhféadfadh siad labhairt faoina ngnáthfhadhbanna laethúla, rud a thugann le tuiscint gur ann do leibhéal dianseasmhach aonraithe shóisialta ar an gcampas.

Cé gur figiúr ard é **25%**, is ionann é agus laghdú leantach ar an ardleibhéal aonraithe shóisialta a taifeadadh le linn na paindéime sa bhliain 2021. Sa bhliain 2021, le linn phaindéim COVID-19, níor bhraith **34%** go raibh duine ann lena bhféadfadh siad labhairt faoina ngnáthfhadhbanna laethúla.

Spreagthaí

Ba iad seo a leanas na trí spreagadh ba mhó a roghnaíodh:

spéis an mhic léinn san ábhar

40%

feabhas a chur ar ionchais ghairme le haghaidh gairm acadúil/taighde

19%

agus feabhas a chur ar ionchais ghairme lasmuigh de ghairm acadúil/taighde

9%

26%

Leanaimid le méadú fáilteach a fheiceáil ar an líon mac léinn a thuairiscíonn go bhfuil siad ag obair i gcomhar le heagraíocht sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí. Tá an ráta comhoibrithe cothrom le **26%** anois (níos airde ná an figiúr i suirbhéanna roimhe). Is léiriú é sin ar neartú leantach an chomhair, agus ar an bhfás leantach ar líonraí comhoibríocha, idir an tsochaí shibhialta agus an lucht léinn.

Gairm

Ba laistigh den ardoideachas a bhí na trí ghairm ab airde tosaíocht:

35% gairm acadúil san ardoideachas

18% gairm eile san ardoideachas

11% agus gairm taighde san ardoideachas, an tríú tosaíocht ab airde

Shainaithin cion an-bheag de na freagraithe gairm taighde lasmuigh den ardoideachas a bheith mar phríomhthosaíocht acu, rud a thugann le tuiscint gur ann do leibhéal íseal feasachta ar na gairmeacha taighde atá ar fáil sa tionscal.

A Tharraingt Siar

Rinne **31%** de na freagraithe uile breithniú dáiríre ar éirí as a gclár céime taighde (cothrom le méadú sé phointe chéatadánacha ar an bhfigiúr don bhliain 2023). Tharla sé arís agus arís eile ón mbliain 2019 i leith, áfach, gur os cionn an mheáin a bhí sciar na bhfoghlaimeoirí sa réimse staidéir a bhaineann le Seirbhísí a thuairiscigh go ndearna siad breithniú ar éirí as, agus bhí sé sin le feiceáil an athuair sa bhliain 2025.



Breac-chuntas mion ar na freagraí

Bhí na príomhfhionnachtana thuas bunaithe ar an anailís seo a leanas, ina dtarraingítear aird ar na freagraí ba shuntasaí a fuarthas i suirbhé na bliana 2025. Tá na sonraí curtha i láthair mar staitisticí tuairisciúla agus mar sin amháin. Dá réir sin, níl siad ceaptha chun gaolta idir na hathróga a léiriú ná chun aon chúisíocht a thabhairt le tuiscint. Ba cheart do léitheoirí na tuarascála seo an Mol Sonraí Mac Léinn Taighde Iarchéime a rochtain freisin, rud atá ar fáil ag www.studentsurvey.ie. Áirítear leis an Mol sin deais chuimsitheach idirghníomhach, agus ba cheart an tuarascáil seo a léamh i gcomhar leis an deais. Is féidir le húsáideoirí ceisteanna agus cohóirt is ábhair spéise a roghnú ar an ardán sin freisin.

Cé gur leis an mbliain suirbhé 2025 a bhaineann an anailís go príomha, áirítear léi freisin comparáid le blianta roimhe sa tréimhse 2019-2023.

Roinneadh na ceisteanna agus na freagraí suirbhé ina gcúig rannán déag (A-O), agus suas le cúig fho-rannán déag ag roinnt de na rannáin. Is iad seo a leanas na príomhrannáin:

A Bonneagar agus Saoráidí Taighde

B Cistiú

C Maoirseacht

D Cultúr Taighde

E Dul Chun Cinn agus Measúnú

F Deiseanna Forbartha

G Teagasc agus Léiriú

H Scileanna Taighde

I Scileanna Inaistrithe Eile

J Freagrachtaí agus Tacaí

K Dearcadh Pearsanta

L Spreagthaí

M Gairm

N Eispéireas Foriomlán

O Éirí As

Tugtar san anailís freisin faisnéis faoi shaintréithe pearsanta agus cúrsa (ocht mír: inscne, réimse staidéir, grúpa sainchónaithe, aois, leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, cineál institiúide, modh staidéir). Ar mhaithe le soiléire, agus mura luaitear a mhalairt, ní chuirtear daoine nár fhreagair na ceisteanna ar áireamh san anailís seo.[7]

7 Sa rannán deiridh den tuarascáil seo, tá treoir tugtha maidir leis na sonraí a rochtain agus a anailísiú trí scagairí saincheaptha a úsáid.

Rannán A: Bonneagar agus Saoráidí Taighde

Sa rannán seo, chuir na freagraithe in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis na ráitis maidir le Bonneagar agus Saoráidí Taighde sa raon idir 63% agus 77% (lenar áiríodh iad sin a d'aontaigh 'den chuid is mó' nó 'go cinnte'). Is rannán suntasach de PGR StudentSurvey.ie é an rannán maidir le Bonneagar agus Saoráidí Taighde, toisc go léirítear ann laghdú ar a mhéid a d'aontaigh na freagraithe le gach ráiteas a tugadh thar an tréimhse 2019–2025.

"Tá spás oibre oiriúnach agam."

Bhraith thart ar 70% de na freagraithe go raibh spás oibre oiriúnach acu, agus 18% díobh míshásta lena spás oibre. Ar an meán, b'airde sciar na bhfreagraithe a bhí 30 bliain d'aois nó níos sine a d'easaontaigh leis an ráiteas seo ná sciar na bhfreagraithe eile a d'easaontaigh leis (chuir 83% díobh sin a bhí idir 24-25 bliain d'aois go raibh siad sásta lena spás oibre, i gcomparáid le 52% díobh sin a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine). B'airde freisin sciar na ndaoine den inscne Bhaineann a d'easaontaigh leis an ráiteas seo (19%) ná sciar na ndaoine den inscne Fhireann (17%) a d'easaontaigh leis. Chomh maith leis sin, b'airde an ráta míshástachta i measc freagraithe a bhí ag déanamh staidéar ar son chéim Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) (19%) ná ina measc sin a bhí ag déanamh staidéar ar son chéim Leibhéal 10 (céim Dochtúireachta) (17%).

Bhí luaineachtaí le feiceáil sna freagraí ar an ráiteas seo idir na blianta 2019 agus 2025, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar an dóigh ar úsáid na freagraithe a spás fisiciúil. D'aontaigh 46% 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, agus an figiúr ag titim go 32% sa bhliain 2021 (i lár phaindéim COVID-19). B'ionann an figiúr agus 41% sa bhliain 2025.

"Tá soláthar leordhóthanach acmhainní/saoráidí ríomhaireachta ann."

D'aontaigh 63% de na freagraithe uile go raibh soláthar leordhóthanach acmhainní/saoráidí ríomhaireachta acu. Níor cheap ach 47% de na freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda go raibh an soláthar leordhóthanach, áfach. B'fhéidir go dtugann sé sin le tuiscint nach raibh siad in ann acmhainní agus saoráidí a rochtain sna huaireanta inar theastaigh siad uathu. D'easaontaigh 21% de na freagraithe uile go raibh soláthar leordhóthanach acmhainní/saoráidí ríomhaireachta ann. B'airde an ráta míshástachta sna hOllscoileanna (22%) ná sna hInstitiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta (18%).

Amhail i gcás na fála ar spás oibre oiriúnach, bhí luaineachtaí le feiceáil sna freagraí ar an ráiteas seo idir na blianta 2019 agus 2025. D'aontaigh 35% 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, agus an figiúr ag titim go 29% sa bhliain 2021 (i lár phaindéim COVID-19). B'ionann an figiúr agus 32% sa bhliain 2025.

"Tá soláthar leordhóthanach saoráidí leabharlainne ann (lena n-áirítear acmhainní fisiciúla/ar líne)."

Cheap 77% de na freagraithe go raibh soláthar leordhóthanach saoráidí leabharlainne ann (d'aontaigh 46% de na freagraithe 'go cinnte' leis an ráiteas seo, agus d'aontaigh 31% díobh 'den chuid is mó' leis). Níor easaontaigh ach 13% de na freagraithe leis an ráiteas seo. B'ísle sciar na bhfreagraithe a d'aontaigh 'go cinnte' leis an ráiteas seo i measc freagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí (44%) ná i measc freagraithe eile. Mar sin féin, bhí an figiúr sin gar do mheánsciar na bhfreagraithe sna réimsí staidéir uile a d'aontaigh 'go cinnte' leis an ráiteas seo, ba é sin 46%.

Tháinig méadú le himeacht ama ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo. D'aontaigh 40% 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, agus an figiúr ag titim go 30% sa bhliain 2021 (i lár phaindéim COVID-19). Mhéadaigh an figiúr ansin go 46% sa bhliain 2023 agus sa bhliain 2025 araon. Tháinig laghdú ar an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo, áfach, ó 79% sa bhliain 2019 go 77% sa bhliain 2025.

"Tá rochtain agam ar na sainacmhainní agus na sainsaoráidí a theastaíonn do mo chuid taighde."

D'aontaigh 68% de na freagraithe uile go raibh rochtain acu ar na sainacmhainní agus na sainsaoráidí a theastaigh dá gcuid taighde. D'easaontaigh 18% de na freagraithe leis an ráiteas seo. B'airde an ráta easaontaithe i measc freagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn (19%) ná ina measc sin a raibh sainchónaí orthu thar lear (15%). Is féidir an patrún céanna a fheiceáil i gcás ceisteanna eile a bhaineann le hacmhainní. Bhí freagraithe i réimse na Talmhaíochta, na Foraoiseachta, an Iascaigh agus na Tréidliachta i measc na ndaoine ba shásta (82%) lena gcuid sainacmhainní agus sainsaoráidí. Bhí an ráta aontaithe ab ísle le feiceáil i measc freagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí – níor aontaigh ach 63% díobh leis an ráiteas seo.

D'aontaigh 70% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 68% sa bhliain 2025.

Rannán B: Cistiú

Sa rannán seo, tugadh an rogha do na freagraithe na foinsí cistiúcháin uile a bhí ar fáil dóibh a shainaithint. Mar shampla, bhí mic léinn in ann a rá go raibh siad féinchistithe agus go raibh siad ag fáil deontais araon. Iarradh orthu freisin a shainaithint cé na nithe a cumhdaíodh lena gcistiú (e.g., táillí, ábhair, comhdhálacha, etc.). Tríd is tríd, ba sheasta le himeacht ama a bhí cion na bhfreagraithe a fuair tacaíocht ó fhoinsí difriúla cistiúcháin. Thug na freagraithe le fios, áfach, gur tháinig laghdú le himeacht ama ar an dóchúlacht go gcumhdófaí leis na foinsí cistiúcháin sin na costais éagsúla a bhaineann leis an staidéar.

Ba le scoláireacht a cistíodh thart ar 58% de na freagraithe, agus ba le deontas a cistíodh 20% díobh. Cistíodh 5% eile de na freagraithe le scoláireacht lenar cumhdaíodh táillí agus iad sin amháin, agus ba iad a bhfostóir a chistigh 7% díobh. Bhí 17% san iomlán de na freagraithe féinchistithe. Bhí na céatadáin fhoriomlána sin réasúnta seasmhach ar fud na tréimhse 2019-2025.

B'airde an sciar de fhreagraithe Leibhéal 10 a fuair scoláireacht ná an sciar de fhreagraithe Leibhéal 9 a fuair scoláireacht (60% i gcomparáid le 35%). B'airde sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann a cistíodh le scoláireacht ná sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann a cistíodh le scoláireacht (61% i gcomparáid le 56%). Ní bhfuair ach 10% de na freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda scoláireachtaí i gcomparáid le 65% de na freagraithe Lánaimseartha. Bhí freagraithe os cionn 40 bliain d'aois i bhfad faoi bhun an mheáin do na haoisghrúpaí uile i ndáil le scoláireachtaí a fháil (35% i gcomparáid le 58%).

Tugtar le fios sna torthaí freisin nach gcumhdaítear leis an gcistiú a sholáthraítear do na freagraithe na costais uile a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí taighde. I gcás 85% san iomlán de na freagraithe, cumhdaíodh táillí lena gcistiú. Cumhdaíodh an stipinn i gcás 69% díobh, cumhdaíodh ábhair thaighde i gcás 50% díobh, cumhdaíodh an costas a bhaineann leis an taisteal chuig comhdhálacha i gcás 53% díobh, cumhdaíodh an costas a bhaineann le cineálacha eile taistil i gcás 28% díobh, agus cumhdaíodh sainoiliúint i gcás 25% díobh.

Beag beann ar sheasmhacht a bheith ann maidir le cion na mac léinn a fuair tacaíocht airgeadais, agus beag beann ar mhéaduithe cistiúcháin (mar atá pléite níos luaithe sa tuarascáil seo), bhí laghduithe ann idir na blianta 2019 agus 2025 ar chion na bhfreagraithe a thug le fios gur cumhdaíodh táillí, stipinní agus ábhair thaighde lena gcistiú.

Rannán C: Maoirseacht

Sa rannán seo, chuir na freagraithe in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'.

Is gnách go mbíonn ardleibhéil aontaithe ann leis na ráitis a chuirtear i láthair anseo (idir 77% agus 88%), agus is réimse é seo inar tháinig méadú ar an ráta aontaithe leis na ráitis le himeacht ama. Chomh maith leis sin, idir na blianta 2019 agus 2025, is féidir linn treocht shoiléir a fheiceáil maidir leis an líon méadaithe maoirseoirí atá ar fáil do fhreagraithe taighde.

"Táim faoi mhaoirseacht ag..." [líon maoirseoirí].

Is an-spéisiúil an rud é breithniú a dhéanamh ar shonraí treochta a bhaineann leis an gceist seo. Bhí maoirseoir amháin ag 48% de na freagraithe sa bhliain 2019, agus laghdaigh an figiúr sin go seasta go 37% sa bhliain 2025. Bhí beirt mhaoirseoirí ag 42% de na freagraithe sa bhliain 2019 (agus mhéadaigh an figiúr sin go 45% sa bhliain 2025). Bhí triúr maoirseoirí ag 10% de na freagraithe sa bhliain 2019, i gcomparáid le 18% sa bhliain 2025.

B'airde sciar na bhfreagraithe a bhí ag déanamh staidéir ar son chéim Leibhéal 10 a raibh triúr maoirseoirí nó níos mó acu ná sciar na bhfreagraithe a bhí ag déanamh staidéir ar son chéim Leibhéal 9 a raibh triúr maoirseoirí nó níos mó acu (18% i gcomparáid le 16%). Rud ba shuntasaí fós, bhí sciar na bhfreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta a raibh triúr maoirseoirí nó níos mó acu trí huaire ní b'airde ná sciar na bhfreagraithe in Ollscoileanna a raibh triúr maoirseoirí nó níos mó acu (38% i gcomparáid le 13%).

"Tugann mo mhaoirseoir(í) an leibhéal cuí tacaíochta do mo chuid taighde."

Cheap thart ar 85% de na freagraithe uile gur thug a maoirseoir(í) leibhéal cuí tacaíochta dá gcuid taighde. Thit an figiúr beagáinín go 82% i gcás freagraithe a bhí ag tabhairt faoi chéim Leibhéal 9.

D'aontaigh 84% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 85% sa bhliain 2025. Tháinig méadú sé phointe chéatadánacha, áfach, ar a mhéid a d'aontaigh siad 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa tréimhse chéanna (56% go 62%).

"Bíonn teagmháil thráthrialta agam le mo mhaoirseoir(í), ar bhealach atá cuí do mo riachtanais."

D'aontaigh 88% san iomlán de na freagraithe go raibh teagmháil thráthrialta acu lena maoirseoir(í) ar bhealach a bhuí cuí dá riachtanais. D'easaontaigh 7% díobh leis an ráiteas seo. B'airde an sciar de fhreagraithe Leibhéal 10 a d'aontaigh leis an ráiteas seo ná an sciar de fhreagraithe Leibhéal 9 a d'aontaigh leis (87% i gcomparáid le 86%). B'airde sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear a bhraith gur tugadh tacaíocht mhaith dóibh ná sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn a bhraith gur tugadh tacaíocht mhaith dóibh (89% i gcomparáid le 86%).

D'aontaigh 86% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 88% sa bhliain 2025. Tháinig méadú sé phointe chéatadánacha, áfach, ar a mhéid a d'aontaigh siad 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa tréimhse chéanna (61% go 67%).

"Tugann mo mhaoirseoir(í) aiseolas lena gcabhraítear liom mo ghníomhaíochtaí taighde a stiúradh."

D'aontaigh thart ar 87% de fhreagraithe Leibhéal 10 go bhfuair siad aiseolas úsáideach, i gcodarsnacht le 85% de fhreagraithe Leibhéal 9. Tríd is tríd, d'aontaigh ardsciar de na freagraithe leis an ráiteas seo ar fud na gcatagóirí uile.

D'aontaigh 84% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 86% sa bhliain 2025. Tháinig méadú cúig phointe chéatadánacha, áfach, ar a mhéid a d'aontaigh siad 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa tréimhse chéanna (59% go 64%).

"Cabhraíonn mo mhaoirseoir(í) liom na riachtanais oiliúna agus forbartha atá agam mar thaighdeoir a shainaithint."

D'aontaigh 76% san iomlán de fhreagraithe den inscne Bhaineann leis an ráiteas seo, i gcomparáid le 78% de fhreagraithe den inscne Fhireann.

D'aontaigh 73% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 77% sa bhliain 2025. Agus tháinig méadú seacht bpointe chéatadánacha ar a mhéid a d'aontaigh siad 'go cinnte' leis an ráiteas seo sa tréimhse chéanna (45% go 52%).

Rannán D: Cultúr Taighde

Sa rannán seo, chuir na freagraithe in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis na ráitis maidir le Cultúr Taighde sa raon idir 55% agus 69% (lenar áiríodh iad sin a d'aontaigh 'den chuid is mó' nó 'go cinnte').

"Tugann mo roinn rochtain ar chlár iomchuí seimineár."

D'aontaigh 69% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo, agus éagsúlacht ann maidir lena mhéid a d'aontaigh siad leis de réir leibhéal staidéir: d'aontaigh 69% de fhreagraithe Leibhéal 10 leis an ráiteas seo, ach níor aontaigh ach 57% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis. Ba mhó an rochtain a bhí ag Ollscoileanna ar chláir seimineár (71%) ná an rochtain a bhí ag Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta (56%). Is cosúil freisin gur lú an rochtain a bhí ag freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda ar chláir seimineár (62%) ná an rochtain a bhí ag freagraithe Lánaimseartha (69%). Ba iad freagraithe i réimse na nEolaíochtaí Sóisialta, na hIriseoireachta agus na Faisnéise agus i réimse an Ghnó, an Riaracháin agus an Dlí na freagraithe a thuairiscigh an rochtain ba mhó ar chláir iomchuí seimineár (74%).

D'aontaigh 66% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 69% sa bhliain 2025. Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (30%) agus 2025 (37%).

“Spreagann an t-atmaisféar taighde i mo roinn mo chuid oibre.”

D’aontaigh 61% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. B’airde sciar na bhfreagraithe in Ollscoileanna a d’aontaigh leis an ráiteas seo (63%) ná sciar na bhfreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta (52%) agus in Institiúidí Eile (61%) a d’aontaigh leis. Tháinig laghdú ar an gcreideamh go raibh an t-atmaisféar taighde sa roinn spreagúil, agus é ag titim ó 71%, an figiúr ab airde, go 52%, an figiúr ab ísle, de réir mar a chuaigh na freagraithe in aois.

D’aontaigh 59% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 61% sa bhliain 2025. Tháinig méadú measartha ar a mhéid a aontaíodh ‘go cinnte’ leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (26%) agus 2025 (30%).

”Bíonn deiseanna agam mo chuid taighde a phlé go minic le freagraithe eile taighde.”

Cé gur aontaigh 62% de na freagraithe uile go raibh deiseanna acu a gcuid taighde a phlé go minic le freagraithe eile taighde, thit an figiúr sin go 52% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda agus go 51% i gcás freagraithe a bhí os cionn 40 bliain d’aois. D’easaontaigh 19% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 26% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis an ráiteas freisin.

Bhí luaineachtaí suntasacha le feiceáil sna freagraí ar an ráiteas seo idir na blianta 2019 agus 2025, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar na deiseanna a bhí ag na freagraithe caidreamh a dhéanamh lena gcomh-mhic léinn. D’easaontaigh 36% leis an ráiteas seo sa bhliain 2021, i gcomparáid le 22% sa bhliain 2019 agus le 20% sa bhliain 2025.

“Bíonn deiseanna agam a bheith páirteach sa mhórphobal taighde lasmuigh de mo roinn féin.”

D’aontaigh beagán os cionn leath na bhfreagraithe (55%) go raibh deiseanna acu a bheith páirteach sa mhórphobal taighde lasmuigh dá roinn féin. I ré ina mbíonn taighde idirdhisciplíneach ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí maidir le cistiú a áirithiú, is ábhar iontais é gur easaontaigh 22% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 26% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis an ráiteas seo. Fiú amháin i réimsí freagartha amhail Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), inar ann do phobal taighde atá nasctha go domhanda ar a lán bealaí, d’easaontaigh breis agus 26% de na freagraithe leis an ráiteas seo. Cheap líon beag freagraithe i ngach ceann de na grúpaí an ráiteas a bheith neamhbhainteach (~ <7%).

Amhail i gcás an ráitis roimhe, bhí luaineachtaí suntasacha le feiceáil sna freagraí ar an ráiteas seo idir na blianta 2019 agus 2025, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19. D’easaontaigh 33% leis an ráiteas seo sa bhliain 2021 (i lár phaindéim COVID-19), i gcomparáid le 26% sa bhliain 2019 agus le 22% sa bhliain 2025.

Rannán E: Dul Chun Cinn agus Measúnú

Sa rannán seo, chuir na freagraithe in iúl cá mhéad a d’aontaigh nó a d’easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist ‘neamhbhainteach’.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis na ráitis maidir le Dul Chun Cinn agus Measúnú sa raon idir 66% agus 80% (lenar áiríodh iad sin a d’aontaigh ‘den chuid is mó’ nó ‘go cinnte’).

Sa rannán seo, tá codarsnachtaí láidre le feiceáil idir freagraithe Leibhéal 9 agus freagraithe Leibhéal 10 maidir lena gcuid tuairimí faoi Dhul Chun Cinn agus Measúnú ina n-institiúid féin. Tríd is tríd,

d'aontaigh na freagraithe le ráitis maidir le ceanglais agus spriocdhátaí, caighdeáin, agus nósanna imeachta measúnaithe. Bhí ionduchtú ina réimse inar tugadh tuairim ní ba mheasctha, áfach.

"Fuair mé ionduchtú cuí do mo chlár céime taighde."

Sna freagraí ar an ráiteas seo, tugtar le fios go bhfuil scóip ann chun feabhas a chur ar ionduchtú do chláir céime taighde: d'easaontaigh mionlach suntasach (21%) de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 27% de fhreagraithe Leibhéal 9 go bhfuair siad ionduchtú cuí (agus bhí an leibhéal foriomlán aontaithe cothrom le 66%).

D'aontaigh 61% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 66% sa bhliain 2025. Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (26%) agus 2025 (33%).

"Tuigim na ceanglais agus na spriocdhátaí a bhaineann le faireachán foirmiúil a dhéanamh ar mo dhul chun cinn."

Sa bhliain 2025, d'aontaigh 81% de fhreagraithe Leibhéal 10 leis an ráiteas seo, i gcomparáid le 73% de fhreagraithe Leibhéal 9. I gcomparáid le haoisghrúpaí eile, ba iad freagraithe a bhí 23 bliana d'aois nó níos óige na freagraithe ba mhó a d'easaontaigh leis an ráiteas seo (16% i gcomparáid le 10%). Ba i measc na bhfreagraithe sin a bhí an leibhéal aontaithe ab ísle freisin (72% i gcomparáid le 80%).

D'aontaigh 78% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 80% sa bhliain 2025. Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (36%) agus 2025 (42%).

"Tuigim an caighdeán is gá a bhaint amach do mo thráchtas."

Ba mhó i bhfad an tuiscint a bhí ag freagraithe Leibhéal 10 ar na caighdeáin ba ghá a bhaint amach dá dtráchtas ná an tuiscint a bhí ag freagraithe a bhí ag déanamh taighde ar son chéim Leibhéal 9 (77% i gcomparáid le 72%). I gcomparáid le haoisghrúpaí eile, ba iad freagraithe faoi bhun 23 bliana d'aois na freagraithe ba mhó a d'easaontaigh leis an ráiteas seo (23% i gcomparáid le meánfhigiúr de 13%) agus, mar an gcéanna, ba iad na freagraithe céanna na freagraithe ba lú a d'aontaigh leis (67% i gcomparáid le meánfhigiúr de 76%).

D'aontaigh 75% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 76% sa bhliain 2025. Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (33%) agus 2025 (38%).

"Tá tuiscint shoiléir agam ar na nósanna imeachta measúnaithe deiridh do mo chéim taighde."

Sa bhliain 2025, d'easaontaigh 24% de fhreagraithe Leibhéal 9 agus 14% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus de fhreagraithe Lánaimseartha leis an ráiteas seo. Tugann sé sin le tuiscint gurbh fhéidir gur gá nósanna imeachta measúnaithe a mhíniú do roinnt freagraithe ar bhealach níos soiléire nó gur gá iad a mhíniú dóibh níos mó ná uair amháin (d'aontaigh 72% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo). Ó thaobh aoisghrúpaí de, is cosúil gurbh iad freagraithe faoi bhun 23 bliana d'aois an t-aoisghrúpa ba mhó ar theastaigh faisnéis uaidh faoi nósanna imeachta measúnaithe – d'easaontaigh 21% de na freagraithe san aoisghrúpa sin leis an ráiteas seo.

D'aontaigh 70% de na freagraithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 72% sa bhliain 2025. Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo idir na blianta 2023 (30%) agus 2025 (35%).



Rannán F: Deiseanna Forbartha

Sa rannán seo, bhí na freagraithe in ann freagra dearfach nó freagra diúltach a thabhairt, nó bhí siad in ann a rá nach raibh aon fháil ar an deis lena mbaineann.

Fuaireamar amach gur i réimse na fiontraíochta agus an tionscail a bhí na deiseanna forbartha ar bhain na freagraithe an leas ba lú astu: oiliúint san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht a chur i bhfeidhm sa chleachtas (12%), oiliúint a fháil san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht (20%), dul i mbun socrúcháin nó intéirneachta (21%), agus obair i gcomhar leis an tionscal (26%).

Ba sna réimsí seo a leanas, nó ba bhainteach le scileanna taighde agus comhdhálacha, a bhí na deiseanna ar baineadh an leas ba mhó astu: tabhairt faoi oiliúint chun scileanna taighde a fhorbairt (80%); freastal ar chomhdháil taighde acadúil (80%); páipéar nó póstaer a chur i láthair ag comhdháil taighde acadúil (73%); agus obair mar chuid d'fhoireann (68%).

"Ar bhain tú leas as aon cheann de na deiseanna seo a leanas le linn do chláir céime taighde?"

a Plean pearsanta oiliúna nó forbartha a aontú.

D'aontaigh thart ar 58% de fhreagraithe Leibhéal 10 plean pearsanta oiliúna nó forbartha, i gcodarsnacht le 44% de fhreagraithe Leibhéal 9. Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh 59% de fhreagraithe Lánaimseartha plean pearsanta oiliúna nó forbartha, i gcodarsnacht le 44% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda. Ba iad freagraithe i réimse an Oideachais (40%) na freagraithe ba lú a d'aontaigh plean pearsanta oiliúna nó forbartha (ba é 57% an meánfhigiúr do na réimsí staidéir uile). B'airde sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear a d'aontaigh plean (65%) ná sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn a rinne amhlaidh (51%).

Bhí treocht láidir aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a bhain leas as plean pearsanta: ba é 43% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 57% sa bhliain 2025.

b Oiliúint a fháil chun mo scileanna taighde a fhorbairt.

Sa bhliain 2025, thuairiscigh 81% de fhreagraithe Leibhéal 10 go bhfuair siad oiliúint chun a scileanna taighde a fhorbairt, i gcodarsnacht le 66% de fhreagraithe Leibhéal 9. B'airde sciar na ndaoine den inscne Bhaineann a thuairiscigh go bhfuair siad oiliúint ná sciar na ndaoine den inscne Fhireann a rinne amhlaidh (81% i gcomparáid le 78%). Níor thuairiscigh ach 74% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda go bhfuair siad oiliúint i scileanna taighde, i gcodarsnacht le meánfhigiúr de 80% do na modhanna staidéir uile.

Bhí treocht bheag aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a bhain leas as an oiliúint seo: ba é 76% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 80% sa bhliain 2025.

c Oiliúint a fháil chun mo scileanna inaistrithe eile a fhorbairt.

Chuir 65% de fhreagraithe Leibhéal 10 in iúl go bhfuair siad oiliúint chun a scileanna inaistrithe a fhorbairt, i gcodarsnacht le 47% de fhreagraithe Leibhéal 9. Chomh maith leis sin, b'airde sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear a thuairiscigh go bhfuair siad oiliúint ná sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn a rinne amhlaidh (67% i gcomparáid le 61%). Níor thuairiscigh ach 53% den chohórt is óige (daoine atá 23 bliana d'aois nó níos óige) go bhfuair siad oiliúint, i gcomparáid le meánfhigiúr de 64% do na haoisghrúpaí uile.

Bhí treocht aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a bhain leas as an oiliúint seo: ba é 59% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 64% sa bhliain 2025.

d Comhairle a fháil maidir le roghanna gairme.

Níor thuairiscigh ach 40% de na freagraithe go bhfuair siad comhairle maidir le roghanna gairme. Cé go méadaíonn an figiúr sin go 42% i gcás freagraithe Lánaimseartha, titeann sé go 26% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda. Ba sna réimsí seo a leanas a tuairiscíodh an chomhairle ba mhó maidir le roghanna gairme: TFC (47%); Gnó, Riarachán agus an Dlí (46%); agus Talmhaíocht, Foraoiseacht, Iascach agus Tréidliacht (47%). Agus é cothrom le 27%, b'íseal a bhí sciar na bhfreagraithe a thuairiscigh comhairle maidir le roghanna gairme i réimse an Oideachais.

Bhí treocht láidir aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a bhain leas as comhairle maidir le roghanna gairme: ba é 33% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 40% sa bhliain 2025.

e Dul i mbun socrúcháin nó intéirneachta.

Cé gur tháinig méadú seasta orthu ó bhlianta suirbhé roimhe, b'íseal go fóill a bhí na leibhéil rannpháirtíochta i socrúcháin agus intéirneachtaí. Níor thuairiscigh ach 21% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 16% de fhreagraithe Leibhéal 9 go ndeachaigh siad i mbun socrúcháin nó intéirneachta. B'ísle sciar na bhfreagraithe in Ollscoileanna a thuairiscigh go ndeachaigh siad i mbun socrúchán nó intéirneachtaí (19%) ná sciar na bhfreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta a rinne amhlaidh (23%). Níor thug ach 7% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda freagra dearfach ar an gceist seo, i gcodarsnacht le 22% de fhreagraithe Lánaimseartha.

Is intuigthe an rud é nach ndeachaigh ach líon beag de na freagraithe uile i mbun socrúchán nó intéirneachtaí sa bhliain 2021 (13%), agus mhéadaigh an figiúr sin go beagán os cionn na leibhéal a bhí ann roimh phaindéim COVID-19 (18% sa bhliain 2019) sa bhliain 2025, agus é ag ardú go 21%.

f Freastal ar chomhdháil taighde acadúil.

Sa bhliain 2025, thuairiscigh 82% de fhreagraithe Leibhéal 10 gur fhreastail siad ar chomhdháil acadúil. Thit an figiúr sin go 57% i gcás fhreagraithe Leibhéal 9, áfach. Ó thaobh réimse staidéir de, ba iad freagraithe i réimse an Oideachais na freagraithe ba mhó a thuairiscigh nár fhreastail siad ar aon chomhdháil taighde (26%). Níor fhreastail 28% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda ar aon chomhdháil taighde ach oiread, rud arbh ionann é agus meath suntasach ar fhigiúr na bliana 2019, nuair a thuairiscigh 21% díobh nár fhreastail siad ar aon chomhdháil taighde.

Bhí laghdú beag ann ar sciar na bhfreagraithe a d'fhreastail ar chomhdháil taighde acadúil: ba é 81% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 80% sa bhliain 2025.

g Páipéar nó póstaer a chur i láthair ag comhdháil taighde acadúil.

Maidir le taighde a chur i láthair, thuairiscigh 76% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 48% de fhreagraithe Leibhéal 9 gur chuir siad páipéar nó póstaer i láthair ag comhdháil acadúil. Cé go raibh an leibhéal rannpháirtíochta cothrom le 75% i gcás freagraithe Lánaimseartha, thit sé go 61% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda.

Thug 72% de na freagraithe uile le fios gur chuir siad páipéar nó póstaer i láthair sa bhliain 2019, i gcomparáid le 73% sa bhliain 2025.

h Páipéar a chur isteach lena fhoilsiú in irisleabhar nó leabhar acadúil.

Thapaigh thart ar 35% de fhreagraithe Leibhéal 9 an deis chun páipéar a chur isteach lena fhoilsiú in irisleabhar nó leabhar acadúil. Méadaíonn an figiúr sin go 56% i gcás fhreagraithe Leibhéal 10. B'airde sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear a thapaigh an deis chun páipéar a chur isteach ná sciar na bhfreagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn a rinne amhlaidh (59% i gcomparáid le 50%). Bhí tionchar ag aois ina leith sin, áit ar chuir níos lú ná 41% de fhreagraithe faoi bhun 26 bliana d'aois páipéar isteach, i

gcomparáid le meánfhigiúr de 54% do na haoisghrúpaí uile (den chuid is mó, tháinig méadú ar sciar na bhfreagraithe a chuir páipéar isteach de réir mar a chuaigh siad in aois). Is suntasach an rud é gurbh airde sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann a chuir páipéar isteach ná sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann a rinne amhlaidh (58% i gcomparáid le 52%).

Sa bhliain 2019, thug 50% de na freagraithe uile le fios gur chuir siad páipéar isteach, i gcomparáid le 54% sa bhliain 2025.

i Do chuid taighde a chur in iúl do spriocphobal neamhacadúil.

B'ionann, tríd is tríd, do sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann agus do sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann a chuir a gcuid taighde in iúl do spriocphobal neamhacadúil (51% i gcomparáid le 50%). Cé go raibh an figiúr cothrom le 51% i gcás fhreagraithe Leibhéal 10, thit sé go 38% i gcás fhreagraithe Leibhéal 9. B'airde sciar na bhfreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta a chuir a gcuid taighde in iúl ná sciar na bhfreagraithe in Ollscoileanna a rinne amhlaidh (55% i gcomparáid le 49%).

Sa bhliain 2019, thug 47% de na freagraithe uile le fios gur chuir siad a gcuid taighde in iúl do spriocphobal neamhacadúil, i gcomparáid le 50% sa bhliain 2025.

j Oiliúint a fháil san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht.

Ó thaobh na fiontraíochta agus na nuálaíochta de, thuairiscigh 20% de fhreagraithe Leibhéal 10 go bhfuair siad oiliúint sna réimsí seo, i gcomparáid le 14% de fhreagraithe Leibhéal 9. Níor thuairiscigh ach 18% de fhreagraithe i réimse an Ghnó, an Riaracháin agus an Dlí go bhfuair siad oiliúint san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht. Bhí an figiúr sin faoi bhun an mheánfhigiúir de 20% do na réimsí uile, agus bhí sé i bhfad níos ísle ná an figiúr ab airde, ba é sin 32%, a tuairiscíodh i réimse na hInnealtóireachta, na Monaraíochta agus na Foirgníochta. Bhí bearna shuntasach idir daoine den inscne Fhireann agus daoine den inscne Bhaineann le feiceáil (23% i gcomparáid le 17%).

Bhí treocht aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a bhain leas as an oiliúint seo: ba é 16% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 20% sa bhliain 2025.

k Oiliúint san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht a chur i bhfeidhm sa chleachtas, e.g., nochtadh aireagáin a chur isteach nó paitinn a chomhdú.

Chuir 12% de fhreagraithe Leibhéal 10 oiliúint san fhiontraíocht agus sa nuálaíocht i bhfeidhm sa chleachtas, i gcomparáid le 10% de fhreagraithe Leibhéal 9. Níor thuairiscigh ach 7% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda go ndearna siad amhlaidh, i gcodarsnacht le 12% de fhreagraithe Lánaimseartha.

l Obair mar chuid d'fhoireann.

Ní raibh sciar na bhfreagraithe a thuairiscigh go raibh siad ag obair mar chuid d'fhoireann chomh hard agus a bheifí ag súil leis. Níor thuairiscigh ach 68% de fhreagraithe go raibh siad ag obair mar chuid d'fhoireann (68% i gcás fhreagraithe Leibhéal 10, i gcomparáid le 61% i gcás fhreagraithe Leibhéal 9). Thit an figiúr go 50% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda. Cé gur thuairiscigh 79% de fhreagraithe i réimse na Talmhaíochta, na Foraoiseachta, an Iascaigh agus na Tréidliachta agus 78% de fhreagraithe i réimse na nEolaíochtaí Nádúrtha, na Matamaitice agus an Staidrimh go raibh siad ag obair mar chuid d'fhoireann, thit an figiúr go 56% san Oideachas agus go 46% sna hEalaíona agus na Daonnachtaí.

Bhí treocht aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a bhí ag obair mar chuid d'fhoireann: ba é 65% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 68% sa bhliain 2025.

m Obair i gcomhar leis an tionscal.

Thuairiscigh 26% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 32% de fhreagraithe Leibhéal 9 gur oibrigh siad i gcomhar leis an tionscal. Bhí difríocht shuntasach idir na hinscní le feiceáil sna freagraí ar an gceist seo. Cé gur thuairiscigh thart ar 32% de dhaoine den inscne Fhireann gur oibrigh siad i gcomhar leis an tionscal, níor thuairiscigh ach 23% de dhaoine den inscne Bhaineann go ndearna siad amhlaidh. Níor thuairiscigh ach 13% de fhreagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí gur thapaigh siad an deis chun obair i gcomhar leis an tionscal (i gcomparáid le meánfhigiúr de 26% do na réimsí staidéir uile).

Agus leibhéil ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí á gcur san áireamh, ní raibh aon athrú ann ar sciar na ndaoine a d'oibrigh i gcomhar leis an tionscal: ba é 26% an figiúr sa bhliain 2019 agus sa bhliain 2025 araon.

n Obair i gcomhar le heagraíocht sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí.

Thuairiscigh 26% de na freagraithe uile gur thapaigh siad an deis chun obair i gcomhar le heagraíocht sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí. Sa bhliain 2025, bhí an figiúr sin ní b'airde fós i réimse na Seirbhísí agus i réimse na Talmhaíochta, na Foraoiseachta, an Iascaigh agus na Tréidliachta, áit a raibh sé cothrom le 32%, agus i réimse an Ghnó, an Riaracháin agus an Dlí, áit a raibh sé cothrom le 31%. Mar sin féin, bhí an figiúr cothrom le 23% i gcás freagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, le 19% i gcás freagraithe a bhí ag gabháil do TFC, agus le 17% i gcás freagraithe a bhí ag tabhairt faoi Chláir Chineálacha agus Cáilíochtaí Cineálacha.

Bhí treocht bheag aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a d'oibrigh i gcomhar le heagraíocht sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí: ba é 23% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 26% sa bhliain 2025.

o Am a chaitheamh thar lear mar chuid de do chéim taighde.

Thuairiscigh thart ar 31% de fhreagraithe Leibhéal 10 gur chaith siad am thar lear mar chuid dá gcéim taighde, i gcodarsnacht le 20% de fhreagraithe Leibhéal 9. B'airde sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann a rinne staidéar thar lear ná sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann a rinne amhlaidh (33% i gcomparáid le 28%). B'airde sciar na bhfreagraithe Lánaimseartha a rinne staidéar thar lear (32%) ná sciar na bhfreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda a rinne amhlaidh, ba é sin 14%.

Bhí treocht bheag aníos le feiceáil maidir le sciar na bhfreagraithe a chaith am thar lear mar chuid dá gcéim taighde: ba é 25% an figiúr iomlán sa bhliain 2019, i gcomparáid le 30% sa bhliain 2025. Is intuigthe an rud é go raibh an figiúr ina leith seo i bhfad ní b'ísle sa bhliain 2021 (17%), mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

Rannán G: Teagasc agus Léiriú

Sa rannán seo, fiafraíodh de na freagraithe ar dtús an ndeachaigh siad i mbun teagaisc nó léirithe ag a n-institiúid, agus iad in ann freagra dearfach nó freagra diúltach a thabhairt. Tríd is tríd, chuaigh dhá thrian de na freagraithe i mbun na gníomhaíochta seo (ach féach na cáilíochtaí thíos).

Ina dhiaidh sin, iarradh ar na freagraithe a chur in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'. Sa rannán seo, níl leibhéal láidir aontaithe leis na ráitis a tugadh le feiceáil. Níor aontaigh ach thart ar leath na bhfreagraithe gur chuir an teagasc/an léiriú feabhas ar a n-eispéireas nó gur tugadh tacaíocht chuí dóibh agus iad i mbun na gníomhaíochta seo.

"Cuir in iúl an ndeachaigh tú i mbun teagaisc (nó léirithe) ag d'institiúid le linn do chláir céime taighde."

Thug 68% de na freagraithe uile le fios go ndeachaigh siad i mbun teagaisc nó léirithe. B'airde sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann a chuaigh i mbun teagaisc nó léirithe (71%) ná sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann a rinne amhlaidh (66%). Ní dheachaigh ach 48% de fhreagraithe Leibhéal 9 i mbun teagaisc agus léirithe, i gcomparáid le 70% de fhreagraithe Leibhéal 10. Is cosúil, áfach, gurb iad aois agus modh staidéir na tosca a imríonn an tionchar is mó anseo. Ní dheachaigh ach 51% de na freagraithe a bhí 40 bliain d'aois nó níos sine i mbun teagaisc nó léirithe, i gcomparáid le 77% de dhaoine a bhí idir 28-29 bliain d'aois. Ar an gcaoi chéanna, bhí neamhréireacht an-soiléir ann idir sciar na bhfoghlaimeoirí Lánaimseartha agus sciar na bhfoghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda a chuaigh i mbun teagaisc nó léirithe (71% i gcomparáid le 45%).

Agus é cothrom le 68%, b'ionann an leibhéal foriomlán aontaithe agus laghdú ar an bhfigiúr don bhliain 2019 (71%).

"An aontaíonn nó an easaontaíonn tú gur chuir an teagasc/an léiriú a sholáthair tú feabhas ar d'eispéireas taighde foriomlán?"

Is fiú a thabhairt faoi deara i gcás an ráitis seo gur chuir cion suntasach de na freagraithe (23%) in iúl nach raibh an cheist bainteach leo. De na freagraithe eile, thug 54% le fios gur aontaigh siad leis an ráiteas seo.

Agus roinnt athruithe modheolaíochta a rinneadh ar an gceist seo idir na blianta 2019 agus 2025 á gcur san áireamh, níor tháinig aon athrú idir na blianta 2019 agus 2025 ar sciar na bhfreagraithe uile a d'aontaigh leis an ráiteas seo.

"An aontaíonn nó an easaontaíonn tú go bhfuair tú tacaíocht agus treoir chuí do do chuid teagaisc/léirithe?"

Is fiú a thabhairt faoi deara i gcás an ráitis seo gur chuir cion suntasach de na freagraithe (23%) in iúl nach raibh an cheist bainteach leo. De na freagraithe eile, níor thug ach 46% le fios gur aontaigh siad leis an ráiteas seo. Chuir thart ar 47% d'fhoghlaimeoirí Lánaimseartha in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas seo, i gcomparáid le 33% d'fhoghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda.

Agus roinnt athruithe modheolaíochta a rinneadh ar an gceist seo idir na blianta 2019 agus 2025 á gcur san áireamh, tháinig méadú idir na blianta 2019 agus 2025 ar sciar na bhfreagraithe uile a d'aontaigh leis an ráiteas seo.

Rannán H: Scileanna Taighde

Iarradh ar na freagraithe a chur in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'.

Tríd is tríd, bhí leibhéal láidir aontaithe ann leis na ráitis a cuireadh i láthair (agus é sa raon idir 74% agus 88%). Cumhdaítear leis na ráitis sin modheolaíochtaí taighde, scileanna anailíse criticiúla, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht, agus sláine taighde.

"Tháinig forbairt ar mo chuid scileanna maidir le modheolaíochtaí, uirlisí agus teicnící cuí taighde a chur i bhfeidhm le linn mo chláir."

D'aontaigh 87% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. Thuairiscigh thart ar 88% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 86% de fhreagraithe Leibhéal 9 gur tháinig forbairt ar a gcuid scileanna maidir le modheolaíochtaí, uirlisí agus teicnící cuí taighde a chur i bhfeidhm le linn a gcláir.

Tháinig laghdú beag ar an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (89%) agus 2025 (87%).

"Tháinig forbairt ar mo chuid scileanna maidir le hanailís agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhionnachtana agus torthaí le linn mo chláir."

D'aontaigh 86% de na freagraithe uile gur tháinig feabhas ar a gcuid scileanna criticiúla maidir le hanailís agus meastóireacht a dhéanamh ar fhionnachtana agus torthaí le linn a gcláir. Níor easaontaigh ach 4% díobh leis an ráiteas seo. Tháinig laghdú beag ar an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (88%) agus 2025 (86%).

"Tháinig forbairt ar an muinín atá agam a bheith cruthaitheach nó nuálach le linn mo chláir."

D'aontaigh 74% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. Thuairiscigh 77% san iomlán de fhreagraithe den inscne Fhireann gur tháinig méadú ar an muinín atá acu ó thaobh na cruthaitheachta agus na nuálaíochta de le linn a gcláir, i gcodarsnacht le 72% de fhreagraithe den inscne Bhaineann. Bhí na leibhéil mhuiníne mar an gcéanna, ba chuma cén modh staidéir a bhí i gceist (74%). Ba i réimse TFC (78%) agus i réimse na nEolaíochtaí Sóisialta, na hIriseoireachta agus na Faisnéise (78%) a chonacthas na méaduithe ba mhó ó thaobh muiníne de. Ba i réimse an Ghnó, an Riaracháin agus an Dlí a chonacthas an leibhéal muiníne ab ísle, agus é cothrom le 68% (síos ó 80%, an figiúr ab airde a taifeadadh, sa bhliain 2019).

Tháinig méadú beag ar an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (73%) agus 2025 (74%). Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh 'go cinnte' leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (33%) agus 2025 (38%).

"Tháinig feabhas ar an tuiscint atá agam ar shláine taighde (e.g., déine, eitic, trédhearcacht, rannchuidiú daoine eile a aithint) le linn mo chláir."

D'aontaigh 88% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. Thuairiscigh freagraithe Leibhéal 10 agus freagraithe Leibhéal 9 araon gur tháinig feabhas ar an tuiscint atá acu ar shláine taighde (88% agus 87%). Agus é cothrom le 90%, b'airde i bhfad sciar na ndaoine den inscne Bhaineann a d'aontaigh leis an ráiteas seo ná sciar na ndaoine den inscne Fhireann (85%) a d'aontaigh leis. D'aontaigh 64% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda 'go cinnte' leis an ráiteas seo, i gcomparáid le 55% de fhreagraithe Lánaimseartha.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 agus 2025 (80%). Tháinig méadú ar a mhéid a aontaíodh ‘go cinnte’ leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (49%) agus 2025 (56%).

Rannán I: Scileanna Inaistrithe Eile

Iarradh ar na freagraithe a chur in iúl cá mhéad a d’aontaigh nó a d’easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist ‘neamhbhainteach’.

Den chuid is mó, bhí na freagraithe sásta leis na scileanna inaistrithe a forbraíodh le linn a gcláir (agus an ráta sástachta sa raon idir 71% agus 80%). Áirítear leis na scileanna sin bainistíocht tionscadal, cumarsáid, líonrú, agus forbairt ghairmiúil.

“Tháinig forbairt ar an gcumas atá agam tionscadail a bhainistiú le linn mo chláir.”

D’aontaigh 80% de fhreagraithe Leibhéal 10 gur tháinig forbairt ar a gcuid scileanna bainistíochta tionscadal le linn a gcláir, rud a bhí ní b’airde ná an figiúr i mblianta roimhe. Níor aontaigh ach 73% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis an ráiteas seo, áfach. De réir modh staidéir, ba iad freagraithe Lánaimseartha a thuairiscigh an méadú ab airde ar an gcumas atá acu tionscadail a bhainistiú (80%). Níor aontaigh an sciar céanna de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda leis an ráiteas seo (74%). Níor aontaigh ach 73% de fhreagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus i réimse an Ghnó, an Riaracháin agus an Dlí gur tháinig feabhas ar a gcuid scileanna bainistíochta tionscadal. Os a choinne sin, d’aontaigh 84% de fhreagraithe i réimse na Sláinte agus an Leasa leis an ráiteas seo. Gan an t-asluiteach a bhí ann i measc na bhfreagraithe ab óige a chur san áireamh, ba ag an leibhéal sástachta leis an ráiteas seo a bhí gaol inbhéartach le haois.

Fuarthas freagraí fabhracha ó 73% d’fhoghlaimeoirí a bhí 40 bliain d’aois nó níos sine, i gcomparáid le 84% de fhreagraithe sa chatagóir 24–25 bliain d’aois.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 (80%) agus 2025 (79%).

“Tháinig forbairt ar an gcumas atá agam faisnéis a chur in iúl go héifeachtach do spriocphobail éagsúla le linn mo chláir.”

Sa bhliain 2025, d’aontaigh 77% de fhreagraithe gur tháinig forbairt ar an gcumas atá acu faisnéis a chur in iúl do spriocphobail éagsúla. Níor easaontaigh ach 2% díobh leis an ráiteas seo. Tagann deighilt shoiléir chun cinn, áfach, nuair a mhiondealaímid na freagraí de réir leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. D’aontaigh thart ar 77% de fhreagraithe Leibhéal 10 leis an ráiteas seo, ach níor aontaigh ach 71% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis. D’aontaigh 78% de fhreagraithe Lánaimseartha gur tháinig feabhas ar an gcumas atá acu cumarsáid a dhéanamh, ach níor aontaigh ach 69% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda leis an ráiteas seo.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 (77%) agus 2025 (77%).

"D'fhorbair mé teagmhálaithe nó líonraí gairmiúla le linn mo chláir."

Ó thaobh aoise de, d'aontaigh 66% de fhreagraithe a bhí 23 bliana d'aois nó níos óige gur fhorbair siad teagmhálaithe nó líonraí gairmiúla, i gcomparáid le 75% de fhreagraithe a bhí idir 30-34 bliain d'aois. Níor aontaigh ach 59% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis an ráiteas, i gcodarsnacht le 73% de fhreagraithe Leibhéal 10. D'aontaigh 71% de fhreagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn agus de fhreagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear araon leis an ráiteas (b'fhéidir go dtugann sé sin le tuiscint nach ngnóthaíonn freagraithe a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn aon bhuntáiste nádúrtha ó thaobh líonraithe de).

Tháinig laghdú beag ar an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (73%) agus 2025 (71%).

"D'éirigh liom níos mó agus níos mó m'fhorbairt ghairmiúil féin a bhainistiú le linn mo chláir."

Sa bhliain 2025, d'aontaigh 80% de fhreagraithe Leibhéal 10 gur éirigh leo níos mó agus níos mó a bhforbairt ghairmiúil féin a bhainistiú le linn an chláir, i gcodarsnacht le 74% de fhreagraithe Leibhéal 9. Den chuid is mó, fuarthas freagraí ní ba dhearfaí ó na freagraithe de réir mar a chuaigh siad in aois. Agus é ar an bhfigiúr ab airde, d'aontaigh 83% de fhreagraithe san aoisghrúpa 35-39 bliain d'aois leis an ráiteas seo.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 (80%) agus 2025 (80%).

Rannán J: Freagrachtaí agus Tacaí

Iarradh ar na freagraithe a chur in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'.

Bhí éagsúlacht mhór le feiceáil sna freagraí a tugadh ar na ceisteanna seo, agus an leibhéal foriomlán aontaithe sa raon idir 46% agus 90%.

"Tuigim mo chuid freagrachtaí mar mhac léinn céime taighde."

Thuig 90% de na freagraithe uile a gcuid freagrachtaí mar mhac léinn céime taighde. Níor easaontaigh ach 4% leis an ráiteas seo. Cé go raibh an tuiscint a bhí ag freagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear ina leith seo beagáinín ní b'airde ná an tuiscint a bhí ag freagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn (92% i gcomparáid le 89%), tharla sé, den chuid is mó, go raibh leibhéal an-ard aontaithe ann leis an ráiteas seo ar fud na gcatagóirí uile.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 (91%) agus 2025 (90%).

"Táim feasach ar na freagrachtaí atá ar mo mhaoirseoir(í) i mo leith mar mhac léinn céime taighde."

D'aontaigh thart ar 86% de fhreagraithe Leibhéal 10 go raibh siad feasach ar fhreagrachtaí a maoirseora, agus níor easaontaigh ach 7% díobh leis an ráiteas. Thit an leibhéal feasachta go 82% i gcás fhreagraithe Leibhéal 9, agus d'easaontaigh 11% díobh leis an ráiteas. B'airde an leibhéal feasachta i measc freagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear ná i measc freagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn (87% i gcomparáid le 84%). Níor tháinig aon fheabhas suntasach ar fhreagrachtaí maoirseoirí de réir mar a chuaigh na freagraithe in aois.

Bhí an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 (83%) agus 2025 (85%).

"Seachas mo mhaoirseoir(í), is eol dom cén duine lenar féidir liom labhairt má bhíonn imní orm faoi aon ghné acadúil de mo chlár céime taighde."

D'aontaigh 70% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. Figiúr measartha ard, d'easaontaigh 19% de fhreagraithe ar fud na gcatagóirí inscne uile leis an ráiteas seo. Mhéadaigh an figiúr sin go 21% i gcás freagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta agus go 27% i gcás freagraithe i réimsí staidéir amhail Seirbhísí. Fiú amháin i gcás freagraithe a raibh breis agus trí bliana staidéir curtha isteach acu, bhí an leibhéal easaontaithe leis an ráiteas seo ard go fóill (22%).

Tháinig méadú ar an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo idir na blianta 2019 (67%) agus 2025 (70%).

"Tá meas ag m'institiúid ar aiseolas ó fhreagraithe céime taighde agus freagraíonn sí don aiseolas sin."

D'easaontaigh 21% san iomlán de na freagraithe leis an ráiteas seo, agus níor aontaigh ach 46% díobh go bhfuil meas ag a n-institiúid ar aiseolas ó fhreagraithe céime taighde agus go bhfreagraíonn sí don aiseolas sin. Bhí an figiúr sin ní b'airde, áfach, ná na torthaí le déanaí: 34% sa bhliain 2023, 35% sa bhliain 2021, agus 43% sa bhliain 2019 (Tháinig laghdú ar an leibhéal easaontaithe freisin, ó 23% sa bhliain 2019.). Bhí leibhéal an-ard easaontaithe ann i gcás freagraithe i réimse na nEolaíochtaí Sóisialta, na hIriseoireachta agus na Faisnéise – d'easaontaigh 26% go bhfuil meas ag a n-institiúid ar aiseolas agus go bhfreagraíonn sí dó. Tá gaol díreach aoise le feiceáil freisin: Tá méadú líneach ann, ó 11% i gcás freagraithe a bhí 23 bliana d'aois nó níos óige, go 22%, i gcás freagraithe a bhí idir 24 bliana d'aois agus 40 bliain d'aois nó níos sine, ar chéatadán na bhfreagraithe a d'aontaigh 'go cinnte' leis an ráiteas seo.

Iarradh ar na freagraithe a chur in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis an ráiteas deiridh a tugadh.

"Cé chomh feasach agus atá tú ar na tacaí éagsúla atá ar fáil do mhic léinn?" (Áineas, cúram sláinte, comhairleoireacht, etc.).

Níor thug ach 36% de na freagraithe le fios go raibh dea-fheasacht acu ar thacaí do mhic léinn. Bhí feasacht éigin ar a laghad ag formhór na bhfreagraithe ar thacaí ríthábhachtacha amhail comhairleoireacht, áineas, agus cúram sláinte. Léiriú ar an difríocht a bhí ann idir na tacaí a bhí ar fáil agus an fheasacht a bhí acu orthu, áfach, ba ea gur chuir 17% de na freagraithe in iúl go raibh 'fíorbheag feasachta' acu ar na tacaí sin. Mhéadaigh an figiúr go 21% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda (17% i gcás freagraithe Lánaimseartha).

Rannán K: Dearcadh pearsanta

Iarradh ar na freagraithe a chur in iúl cá mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis a tugadh. Bhí na freagraithe in ann a chur in iúl freisin go raibh an cheist 'neamhbhainteach'.

Sa rannán seo, fiafraíodh de na freagraithe faoina mhéid a bhí siad sásta lena saol agus lena gcothromaíocht oibre is saoil, faoina mhéid a bhí duine ann ina n-institiúid lena bhféadfadh siad labhairt, agus faoina mhéid a bhraith siad go raibh fiúntas ag baint lena gclár. Chuir a bhformhór in iúl

go raibh sásta lena saol agus lena gcothromaíocht oibre is saoil, agus bhraith a bhformhór go raibh fiúntas ag baint lena gcéim.

"Táim sásta le mo shaol sa lá atá inniu ann."

D'aontaigh 69% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. Ó thaobh aoise de, ba iad freagraithe faoi bhun 24 bliana d'aois na freagraithe ba mhó a d'aontaigh leis an ráiteas seo, áit ar aontaigh 80% díobh leis. Bhí ardleibhéal aontaithe ann i measc freagraithe os cionn 40 bliain d'aois freisin (78%). Ba mhó an ráta aontaithe i measc freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda ná i measc freagraithe Lánaimseartha (81% i gcomparáid le 68%). Ó thaobh inscne de, chuir 70% de fhreagraithe den inscne Bhaineann in iúl go raibh siad sásta lena saol, i gcodarsnacht le 67% de fhreagraithe den inscne Fhireann. D'aontaigh 75% san iomlán de dhaoine a bhí Neamh-dhénártha ó thaobh inscne de nó arbh fhearr leo gan a n-inscne a lua go raibh siad sásta lena saol.

B'ísle an leibhéal aontaithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2025 (69%) ná sa bhliain 2019 (73%).

"Táim sásta le mo shaol laistigh de m'institiúid sa lá atá inniu ann."

D'aontaigh 67% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo. Nuair a fhéachaimid ar shástacht leis an saol laistigh de shuíomh na hinstitiúide, is féidir linn meath a fheiceáil ar leibhéil sástachta, agus iad ag laghdú faoi roinnt bheag pointí céatadánacha i bhformhór na gcatagóirí. Bhí laghdú ann, mar shampla, ar an meánleibhéal sástachta leis an saol i measc na n-inscní uile, agus iad ag titim ó 69% go 67%. Thit an figiúr ó 81% go 73% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda (féach an cheist roimhe). Beag beann ar an ardleibhéal aontaithe leis an ráiteas seo i measc freagraithe i réimse an Oideachais, b'ionann an figiúr 78% agus laghdú ó 82% don cheist roimhe.

Bhí an leibhéal aontaithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2025 (67%) mar an gcéanna, tríd is tríd, leis an bhfigiúr sa bhliain 2019 (68%).

"Táim sásta le mo chothromaíocht oibre is saoil."

Chuir 59% de na freagraithe uile in iúl go raibh sásta lena gcothromaíocht oibre is saoil (57% i gcás freagraithe den inscne Bhaineann, 61% i gcás freagraithe den inscne Fhireann), agus dúirt 24% díobh go raibh siad míshásta léi. Agus é cothrom le 29%, áfach, b'airde sciar na bhfreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda a d'easaontaigh leis an ráiteas seo ná sciar na bhfreagraithe eile.

Bhí an leibhéal aontaithe leis an ráiteas seo beagáinín ní b'airde sa bhliain 2025 (59%) ná mar a bhí sa bhliain 2019 (56%).

"Tá duine ann i m'institiúid lena bhféadaim labhairt faoi mo ghnáthfhadhbanna laethúla."

D'easaontaigh 25% de na freagraithe uile leis an ráiteas seo, agus níor aontaigh ach 52% díobh leis. Thit an leibhéal aontaithe leis an ráiteas ó 54% i gcás freagraithe Lánaimseartha go 47% i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda. Níor aontaigh ach 48% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis an ráiteas (i gcodarsnacht le 54% de fhreagraithe Leibhéal 10). Sa bhliain 2021, le linn phaindéim COVID-19, d'easaontaigh 34% leis an ráiteas seo, agus d'aontaigh 45% leis.

Bhí an leibhéal aontaithe leis an ráiteas seo sa bhliain 2025 (52%) beagáinín ní b'ísle mar a bhí sa bhliain 2019 (56%).

"Braithim go bhfuil fiúntas ag baint le mo chlár céime taighde."

Sa bhliain 2025, d'aontaigh 82% de na freagraithe go raibh fiúntas ag baint lena gclár taighde.

D'aontaigh 83% de fhreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta leis an ráiteas, agus d'aontaigh sciar comhchosúil, 82%, in Ollscoileanna leis (83% in institiúidí eile). Nuair a mhiondealaítear na figiúirí de réir cineál institiúide, ní mó ná 3% in aon chás sciar na bhfreagraithe a d'easaontaigh 'go cinnte' leis an ráiteas.

Cé go raibh an leibhéal foriomlán aontaithe leis an ráiteas seo seasmhach idir na blianta 2019 (81%) agus 2025 (82%), tháinig méadú ar sciar na bhfreagraithe a d'aontaigh 'go cinnte' leis ó 44% sa bhliain 2019 go 50% sa bhliain 2025.

Rannán L: Spreagthaí

Maidir leis an spreagadh a bhí acu tabhairt faoi chéim taighde, bhí na freagraithe in ann suas le trí thosaíocht a roghnú in ord tábhachta.

Ba iad na trí spreagadh ba mhó a roghnaíodh ná spéis an mhic léinn san ábhar, feabhas a chur ar ionchais ghairme le haghaidh gairm acadúil/taighde, agus feabhas a chur ar ionchais ghairme lasmuigh de ghairm acadúil/taighde.

"An spéis atá agam i m'ábhar."

Thuairiscigh thart ar 40% de na freagraithe gurbh é an príomhspreagadh a bhí acu ná an spéis a bhí acu ina n-ábhar. Cé gur thug 54% de fhreagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí tosaíocht don spéis a bhí acu ina n-ábhar, ní dhearna ach 32% de fhreagraithe i réimse na Sláinte agus an Leasa amhlaidh. Ní raibh aon difríocht mhór ann idir na hinscní, agus spéis á sainaithint mar phríomhthosaíocht ag 40% de fhreagraithe den inscne Fhireann agus ag 39% de fhreagraithe den inscne Bhaineann.

Bhí spéis na bhfreagraithe ina n-ábhar ar an spreagadh ba choitianta go fóill idir na blianta 2019 agus 2025 (40%).

"Feabhas a chur ar m'ionchais ghairme le haghaidh gairm acadúil/taighde."

Thuairiscigh 19% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 15% de fhreagraithe Leibhéal 9 gurbh é an príomhspreagadh a bhí acu ná feabhas a chur ar a n-ionchais ghairme acadúla agus taighde. Ba iad freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda na freagraithe ba lú a thug tosaíocht dó seo, agus é mar thosaíocht ag 14% díobh (i gcodarsnacht le 19% de fhreagraithe Lánaimseartha).

Bhí sciar na bhfreagraithe a raibh sé mar spreagadh acu feabhas a chur ar a n-ionchais ghairme le haghaidh gairm acadúil/taighde seasmhach idir na blianta 2019 (20%) agus 2025 (19%).

"Feabhas a chur ar m'ionchais ghairme lasmuigh de ghairm acadúil/taighde."

Níor roghnaigh ach 9% de na freagraithe gurbh é an príomhspreagadh a bhí acu ná feabhas a chur ar a n-ionchais ghairme lasmuigh de ghairm acadúil agus taighde. Thit an figiúr sin go 5% i gcás freagraithe os cionn 40 bliain d'aois (bhí an meánfhigiúr do na haoisghrúpaí uile cothrom le 9%). Thit an figiúr go 3%, an figiúr ab ísle, i gcás freagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí.

Tháinig laghdú beag ar sciar na bhfreagraithe a raibh sé mar spreagadh acu feabhas a chur ar a n-ionchais ghairme lasmuigh de ghairm acadúil/taighde idir na blianta 2019 (11%) agus 2025 (9%).

"Fuair mé spreagadh ó iartheagascóir/iarmhaoirseoir acadúil."

Níor thuairiscigh ach 2% de na freagraithe gurbh é an príomhspreagadh a bhí acu ná an tionchar a bhí ag iarmhaoirseoir orthu. Cé go raibh an figiúr sin ní b'airde i gcás freagraithe den inscne Bhaineann, agus é cothrom le 3%, bhí sé mar an gcéanna i gcás freagraithe den inscne Fhireann, agus é cothrom le 2%.

"Bhí an cistiú ar fáil."

Níor thuairiscigh ach 4% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 2% de fhreagraithe Leibhéal 9 gurbh é an príomhspreagadh a bhí acu ná an fháil a bhí ar chistiú. Bhí an figiúr ní b'airde ná sin i gcás freagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear, agus é cothrom le 5%. Bhí sé ní b'ísle i gcás foghlaimeoirí Páirtaimseartha agus Cianda, áfach, agus é cothrom le 1%. Ba iad freagraithe faoi bhun 24 bliana d'aois, agus freagraithe a bhí ag déanamh staidéar ar TFC, na freagraithe ba mhó a shainaithin an fháil ar chistiú mar phríomhthoisc spreagtha (6% sa dá chás).

"Bhraith mé go raibh sé mar bheart nádúrtha dom."

Luaigh 6% san iomlán de fhreagraithe Leibhéal 10 gur thoisc thábhachtach spreagtha í an bhraistint a bhí acu go raibh a gclár taighde mar bheart nádúrtha dóibh. Thit sé sin go 2% i gcás fhreagraithe Leibhéal 9. Chuir 6% de fhreagraithe Lánaimseartha agus de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda araon go raibh an spreagadh seo mar thosaíocht acu.

"Bhí mé ag iarraidh obair le hacadóir ar leith."

Níor thuairiscigh ach 1% de fhreagraithe Leibhéal 10, agus 2% de fhreagraithe Leibhéal 9, gurbh é an príomhspreagadh a bhí acu ná go raibh siad ag iarraidh obair le hacadóir ar leith (thug siad tosaíocht i bhfad ní ba láidre don dúspéis a bhí acu ina n-ábhar). Bhí an figiúr chomh híseal céanna i gcás freagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn agus i gcás freagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear araon, agus é cothrom le 1%. I réimse an Oideachais, áfach, thuairiscigh 4% de fhreagraithe go bhfuair siad spreagadh ó phearsana inspioráideacha. Bhí sé sin bunaithe ar mhéid bheag sampla, áfach.

"Forbairt nó oiliúint ghairmiúil."

Thuairiscigh thart ar 5% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda gurbh é an spreagadh a bhí acu ná go raibh siad sa tóir ar fhorbairt nó oiliúint ghairmiúil, i gcomparáid le gan ach 3% de fhreagraithe Lánaimseartha. Ar an gcaoi chéanna, agus é cothrom le 6%, b'airde an sciar de fhreagraithe Leibhéal 9 a thug tosaíocht d'fhorbairt agus oiliúint ghairmiúil ná an sciar de fhreagraithe Leibhéal 10 (3%) a rinne amhlaidh. Cé gur chuir thart ar 6% de fhreagraithe i réimse na hInnealtóireachta, na Monaraíochta agus na Foirgníochta in iúl go raibh forbairt nó oiliúint ghairmiúil mar phríomhspreagadh acu, ní dhearna ach 1% de fhreagraithe i réimse na nEalaíon agus na nDaonnachtaí amhlaidh. Bhí sé sin bunaithe ar mhéid bheag sampla, áfach.

"Eile."

Ba bheag spreagadh eile ar tharraing daoine d'aon ghrúpa aird orthu i ndáil le tabhairt faoi chéim taighde, cé go raibh spreagthaí (neamhluaite) eile ag céatadán beag de fhreagraithe i réimse an Oideachais (4%).

Rannán M: Gairm

Sa rannán seo, iarradh ar na freagraithe na trí phríomhchineál gairmeacha a raibh sé de rún acu tabhairt fúthu nuair a bheadh a gcéim taighde críochnaithe acu a roghnú in ord tosaíochta.

Ba laistigh den ardoideachas a bhí na trí ghairm ab airde tosaíocht: gairm acadúil san ardoideachas; gairm eile san ardoideachas; agus gairm taighde san ardoideachas (a bhí ar an tríú gairm ab airde tosaíocht). Rud spéisiúil, shainaithin cion an-bheag de na freagraithe (1%) gairm taighde lasmuigh den ardoideachas a bheith mar phríomhthosaíocht acu.

"Gairm acadúil san ardoideachas."

Thug 35% de na freagraithe uile le fios go raibh an ghairm seo mar phríomhthosaíocht acu. Bhí gairm acadúil san ardoideachas mar phríomhthosaíocht ag thart ar 40% de fhreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta, i gcomparáid le 34% de fhreagraithe in Ollscoileanna. Roghnaigh 36% de fhreagraithe Leibhéal 10 gairm acadúil san ardoideachas mar phríomhthosaíocht acu. Thit an figiúr go 24% i gcás fhreagraithe Leibhéal 9. Roghnaigh 34% de fhreagraithe den inscne Bhaineann agus 36% de fhreagraithe den inscne Fhireann an ghairm seo mar phríomhthosaíocht acu.

Bhí an figiúr sin comhsheasmhach idir na blianta 2019 (36%) agus 2025 (35%).

"Gairm taighde san ardoideachas."

Cé gur roghnaigh 35% de na freagraithe gairm acadúil san ardoideachas mar phríomhthosaíocht acu, níor chuir ach 11% díobh ar an meán in iúl go follasach go raibh gairm taighde san ardoideachas mar phríomhthosaíocht acu. Níor thug ach 6% de fhreagraithe a bhí ag déanamh staidéir ag Leibhéal 9, agus 3% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda, le fios go raibh gairm taighde san ardoideachas mar phríomhthosaíocht acu. B'airde sciar na bhfreagraithe i réimse na nEolaíochtaí Nádúrtha, na Matamaitice agus an Staidrimh a raibh gairm taighde mar thosaíocht acu ná sciar na bhfreagraithe in aon réimse eile staidéir (16%).

Bhí an tosaíocht seo comhsheasmhach idir na blianta 2019 (11%) agus 2025 (11%).

"Gairm eile san ardoideachas."

Bhí gairm eile san ardoideachas mar phríomhthosaíocht ag 18% de fhreagraithe Leibhéal 10, i gcodarsnacht le 13% de fhreagraithe Leibhéal 9. Mar an gcéanna, roghnaigh 19% de fhreagraithe Lánaimseartha an rogha seo. Níor chuir ach 6% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda in iúl, áfach, go raibh gairmeacha eile san ardoideachas mar phríomhthosaíocht acu. Bhí gairmeacha eile san ardoideachas mar phríomhthosaíocht ag thart ar 23% de fhreagraithe i réimse TFC agus 27% de fhreagraithe i réimse na nEolaíochtaí Nádúrtha, na Matamaitice agus an Staidrimh freisin.

Tháinig laghdú beag ar sciar na bhfreagraithe a roghnaigh na gairmeacha seo mar thosaíocht acu idir na blianta 2019 (20%) agus 2025 (18%).

"Gairm taighde lasmuigh den ardoideachas."

Níor thug ach 1% de na freagraithe tosaíocht do ghairm taighde lasmuigh den ardoideachas. Cé gur roghnaigh 2% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda an rogha seo, ní raibh sí ach mar ísealtosaíocht ag na freagraithe uile, beagnach.

"An teagasc (ar leibhéal faoi bhun an ardoideachais)."

Níor shainaithin ach 1% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 2% de fhreagraithe Leibhéal 9 an teagasc ar leibhéal faoi bhun an ardoideachais mar phríomhrogha gairme acu. Fiú amháin i réimse staidéir amhail an tOideachas, níor roghnaigh ach 4% de fhreagraithe an teagasc mar thosaíocht acu (i gcodarsnacht leis sin, roghnódh 41% díobh gairm acadúil). Ní raibh an teagasc ar leibhéal faoi bhun an ardoideachais mar thosaíocht ag formhór na bhfreagraithe.

"Filleadh ar fhostóir, nó fanacht le fostóir, atá ag urrú do chéime."

Ní raibh sé mar thosaíocht ach ag 3% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus ag 4% de fhreagraithe Leibhéal 9 filleadh ar an bhfostóir, nó fanacht leis an bhfostóir, a bhí ag urrú a gcéime. Bhí an figiúr ní b'airde ná sin i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda, agus é cothrom le 8%, agus i gcás freagraithe a bhí ag déanamh staidéir i réimse an Oideachais, agus é cothrom le 9%.

"Filleadh ar fhostóir, nó fanacht le fostóir, nach bhfuil ag urrú do chéime."

Níor thug ach 2% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 3% de fhreagraithe Leibhéal 9 le fios go raibh sé mar thosaíocht acu filleadh ar fhostóir, nó fanacht le fostóir, nach raibh ag urrú a gcéime (bhí sé seo ní b'ísle ná an figiúr i gcás na bhfreagraithe sin a bhí á n-urrú). Bhí an figiúr ní b'airde ná sin i gcás freagraithe i réimse na Sláinte agus an Leasa, agus é cothrom le 4%, agus i gcás freagraithe i réimse an Oideachais, agus é cothrom le 7%. Nuair a fhéachtar ar na freagraí de réir modh staidéir, chuir 9% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda le fios go raibh sé mar thosaíocht acu filleadh ar fhostóir nach raibh á n-urrú.

I gcodarsnacht leis sin, níor roghnaigh ach 1% de fhreagraithe Lánaimseartha an rogha seo.

"Féinfhostaíocht (lena n-áirítear do ghnó féin a bhunú)."

Níor thug ach 5% de fhreagraithe Leibhéal 9 le fios go mbeadh féinfhostaíocht mar thosaíocht acu nuair a bheadh a gcéim taighde críochnaithe acu, i gcodarsnacht le 3% de fhreagraithe Leibhéal 10. Thug thart ar 4% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda le fios go mbeadh féinfhostaíocht mar thosaíocht acu, i gcomparáid le 3% de fhreagraithe Lánaimseartha. Bhí féinfhostaíocht mar thosaíocht ag a dhá oiread freagraithe den inscne Fhireann ná freagraithe den inscne Bhaineann (4% i gcomparáid le 2%).

"Aon ghairm ghairmiúil eile."

Bhí gairmeacha gairmiúla eile mar thosaíocht ag a dhá oiread freagraithe Leibhéal 9 ná freagraithe Leibhéal 10 (6% i gcomparáid le 3%). Ní féidir aon difríocht a fheiceáil idir freagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn agus freagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear (bhí gairm ghairmiúil mar thosaíocht ag 3% de na freagraithe uile sa dá chatagóir).

"Nílim cinnte nó ní dhearna mé aon chinneadh go fóill."

Thug thart ar 8% de fhreagraithe Leibhéal 9 le fios nach ndearna siad aon chinneadh go fóill ar an ngairm a bhí ar intinn acu, i gcodarsnacht le 6% de fhreagraithe Leibhéal 10. Is féidir neamhréireachtaí suntasacha a fheiceáil idir na hinscní nuair a fhéachtar ar an éiginnteacht sin: ní raibh aon ghairm ar intinn ag 7% de fhreagraithe den inscne Bhaineann ná ag 5% de fhreagraithe den inscne Fhireann.

“Eile.”

Níor bhain ach 2% de na freagraithe ar an meán leas as an rogha “Eile” agus breithniú á dhéanamh acu ar chineálacha gairmeacha nach raibh cumhdaithe sna ceisteanna roimhe. Bhí cineál eile gairme mar thosaíocht ag 4% de fhreagraithe a bhí 40 bliain d’aois nó níos sine, i gcodarsnacht le 2% ar an meán i gcás na n-aoisghrúpaí uile.

Rannán N: Eispéireas Foriomlán

Sa rannán seo, iarradh ar na freagraithe meastóireacht a dhéanamh ar a n-eispéireas foriomlán agus a chur in iúl cá mhéad a bhí muinín acu go gcríochnódh siad a gcáilíocht laistigh den chreat ama a rabhthas ag súil leis. Bhí trí cheathrú de na freagraithe sásta lena n-eispéireas taighde, agus bhí muinín ag an gcéatadán céanna, nó mar sin, go gcríochnódh siad a gclár laistigh den chreat ama a rabhthas ag súil leis.

“Conas a dhéanfá cur síos ar d’eispéireas taighde ar fad san institiúid seo?”

Rátáil 76% de fhreagraithe Leibhéal 10 a n-eispéireas taighde a bheith go sármhaith nó go maith. Cé go bhfuil sé níos ísle, is féidir figiúr comhchosúil, 74%, a fheiceáil i gcás fhreagraithe Leibhéal 9. Bhí an figiúr cothrom le 76% go fóill i gcás Ollscoileanna, ach bhí sé ní b’ísle ná sin i gcás Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta, agus é cothrom le 73%. Rátáil 75% de fhreagraithe Lánaimseartha a n-eispéireas a bheith go maith nó go sármhaith. Bhí an figiúr ní b’airde ná sin i gcás freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda, agus é cothrom le 81%. Tríd is tríd, bhí tionchar ag aois ina leith seo: rátáil 22% de fhreagraithe idir 26-27 bliain d’aois a n-eispéireas a bheith go sármhaith, i gcomparáid le 35% de fhreagraithe a bhí 40 bliain d’aois nó níos sine.

Bhí an mheastóireacht ar eispéireas taighde seasmhach idir na blianta 2019 agus 2025.

“Tá muinín agam go gcríochnóidh mé mo chlár céime taighde laistigh den chreat ama a bhfuil m’institiúid ag súil leis.”

D’aontaigh 78% de fhreagraithe Leibhéal 10 agus 80% de fhreagraithe Leibhéal 9 leis an ráiteas seo. Ar an meán, d’easaontaigh 13% díobh go gcomhlíonfadh siad na creataí ama a raibh a n-institiúid ag súil leo. B’airde an leibhéal muiníne i measc freagraithe a raibh sainchónaí orthu thar lear (80%) ná i measc freagraithe a raibh sainchónaí orthu in Éirinn (76%).

Bhí freagraithe sa bhliain 2025 (78%) beagáinín ní ba mhuiníní go gcríochnódh siad a gclár in am ná freagraithe sa bhliain 2019 (74%).

Rannán O: Éirí As

Sa rannán seo, fiafraíodh de na freagraithe an ndearna siad breithniú dáiríre riamh ar éirí as a gclár céime taighde agus, má rinne siad amhlaidh, fiafraíodh díobh cé na cúiseanna a bhí acu leis sin.

"An ndearna tú breithniú dáiríre riamh ar éirí as do chlár céime taighde?"

Rinne 31% de na freagraithe uile breithniú dáiríre ar éirí as a gclár céime taighde. Cé go bhfuil sé sin cothrom le méadú sé phointe chéatadánacha don bhliain 2023, ba cheart a thabhairt faoi deara gur tháinig méadú cúig phointe chéatadánacha ar chion na bhfreagraithe nár thug aon fhreagra ar an gceist seo le linn na tréimhse céanna. Bhí an cion a thuairiscigh go follasach nach ndearna siad aon bhreithniú ar éirí as seasmhach go fóill idir na blianta 2019 (53%) agus 2025 (54%).

Tríd is tríd, ar fud na bhfreagraithe uile, ba iad seo a leanas na cúiseanna a tugadh le breithniú a dhéanamh ar éirí as: cúiseanna airgeadais (13%); cúiseanna pearsanta nó teaghlaigh (13%); sláinte (8%); fostaíocht (5%); aistriú chuig institiúid eile (4%); agus cúis eile (6%). Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil mórán tionchair ná smachta ag Institiúidí Ardoideachais ar chúiseanna den sórt sin.

Ba iad seo na rátaí os cionn an mheáin i gcás catagóirí sonracha de mhic léinn taighde iarchéime ar dhóigh dóibh breithniú a dhéanamh ar éirí as:

Freagraithe Páirtaimseartha agus Cianda, 35%

Rinne 35% de fhreagraithe Páirtaimseartha agus Cianda breithniú dáiríre ar éirí as a gclár céime taighde. Ba ar chúiseanna airgeadais a rinne thart ar 8% de fhreagraithe breithniú ar éirí as, agus ba ar chúiseanna pearsanta nó teaghlaigh a rinne 17% díobh breithniú ar dhéanamh amhlaidh. Chomh maith leis sin, ba ar chúiseanna sláinte, ar chúiseanna fostaíochta, agus chun aistriú chuig institiúid eile, a rinne thart ar 8%, 5% agus 3% díobh faoi seach breithniú ar éirí as. Ba ar chúiseanna eile a rinne 6% eile díobh breithniú ar éirí as.[8]

Freagraithe Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta, 34%

Rinne thart ar 34% de fhreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta breithniú dáiríre ar éirí as a gclár céime taighde. Ba ar chúiseanna airgeadais a rinne thart ar 13% de fhreagraithe breithniú ar éirí as, agus ba ar chúiseanna pearsanta nó teaghlaigh a rinne 14% díobh breithniú ar dhéanamh amhlaidh. Chomh maith leis sin, ba ar chúiseanna sláinte, ar chúiseanna fostaíochta, agus chun aistriú chuig institiúid eile, a rinne thart ar 8%, 6% agus 5% díobh faoi seach breithniú ar éirí as. Ba ar chúiseanna eile a rinne 7% eile díobh breithniú ar éirí as.

Freagraithe den inscne Bhaineann, 33%

Rinne 33% de na freagraithe uile den inscne Bhaineann breithniú dáiríre ar éirí as a gclár céime taighde. Ba ar chúiseanna airgeadais a rinne thart ar 14% de fhreagraithe breithniú ar éirí as, agus ba ar chúiseanna pearsanta nó teaghlaigh a rinne 13% díobh breithniú ar dhéanamh amhlaidh. Ba ar chúiseanna sláinte, ar chúiseanna fostaíochta, agus chun aistriú chuig institiúid eile, a rinne thart ar 9%, 5% agus 4% díobh faoi seach breithniú ar éirí as. Ba ar chúiseanna eile a rinne 7% eile díobh breithniú ar éirí as.

8 Níor thug na daoine eile aon fhreagra. Tá freagra nialasach den chineál céanna le feiceáil sna catagóirí eile seo a leanas.

Níor thug na daoine eile aon fhreagra. Tá freagra nialasach den chineál céanna le feiceáil sna catagóirí eile seo a leanas.

Freagraithe Leibhéal 10, 32%

Rinne 32% de fhreagraithe Leibhéal 10 breithniú dáiríre ar éirí as a gclár céime taighde. Ba ar chúiseanna airgeadais a rinne thart ar 14% de fhreagraithe breithniú ar éirí as, agus ba ar chúiseanna pearsanta nó teaghlaigh a rinne 13% díobh breithniú ar dhéanamh amhlaidh. Ba ar chúiseanna sláinte, ar chúiseanna fostaíochta, agus chun aistriú chuig institiúid eile, a rinne thart ar 8%, 5% agus 4% díobh faoi seach breithniú ar éirí as. Ba ar chúiseanna eile a rinne 6% eile díobh breithniú ar éirí as.

Réimse Staidéir

Tá Réimse Staidéir ar an aon réimse amháin inar féidir linn éagsúlachtaí a fheiceáil maidir leis an líon freagraithe a rinne breithniú ar éirí as. Mar shampla, ní dhearna ach 17% de fhreagraithe a bhí ag tabhairt faoi Chláir Chineálacha agus Cáilíochtaí Cineálacha breithniú dáiríre ar éirí as, i gcomparáid le 42% de fhreagraithe i réimse na Seirbhísí. Cé go bhfuil an mhéid sampla beag i gcásanna áirithe agus gur cheart a bheith cáiréiseach agus na figiúirí á léirmhíniú, bhí réimse staidéir na Seirbhísí os cionn an mheáin arís agus arís eile ó bhí an bhliain 2019 ann maidir le sciar na bhfreagraithe a thuairiscigh go ndearna siad breithniú dáiríre ar éirí as.

Plé

Is é is aidhm do PGR StudentSurvey.ie léargas a thabhairt ar eispéireas na mac léinn taighde iarchéime agus, i dtorthaí na bliana 2025, tarraingítear aird ar roinnt mhaith forbairtí dearfacha.

Rátáil formhór na mac léinn taighde a n-eispéireas foriomlán a bheith go sármhaith nó go maith. Bhí mic léinn taighde thar a bheith sásta leis na leibhéil mhaoirseachta a fuair siad, agus tá treocht mhéadaitheach le feiceáil maidir le sciar na mac léinn a aontaíonn le ráitis dhearfacha faoin maoirseacht. Tá fás leantach foriomlán ar an líon mac léinn a fhaigheann tacaíocht ó níos mó ná maoirseoir amháin ag gabháil leis an treocht sin, cé gur gá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an difear beacht a dhéanann maoirseacht mhéadaithe do thaighdeoirí.[9]

D'fhéadfaí an méadú ar shástacht leis an gcothromaíocht oibre is saoil a chur síos don aistriú sin ar shiúl ó mhaoirseacht aonair, i dteannta roinnt de na gníomhartha beartais atá pléite thuas, agus don mhéadú tuairiscithe leantach ar úsáid pleananna pearsanta forbartha agus oiliúna.

Rud spéisiúil, bhí sciar na bhfreagraithe in Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta a raibh triúr maoirseoirí nó níos mó acu beagnach trí huaire ní b'airde ná sciar na bhfreagraithe in Ollscoileanna a raibh triúr maoirseoirí nó níos mó acu (38% i gcomparáid le 13%). Cé nach léir an chúis bheacht leis an difríocht sin, is cosúil, más fíor gur fearr triúr maoirseoirí ná beirt, go bhfuil scóip ann tuilleadh tacaíocht maoirseachta a thabhairt san earnáil ollscoileanna.

Áirítear le roinnt de na bearta a sainaithníodh sa suirbhé seo mar bhearta lena bhféadfaí feabhas a chur go tapa ar eispéireas na mac léinn nósanna imeachta ionduchtúcháin a fheabhsú agus ceanglais maidir le caighdeáin tráchtais, freagrachtaí maoirseoirí agus nósanna imeachta measúnaithe (lena n-áirítear measúnú deiridh) a mheabhrú do mhic léinn. Is amhlaidh go fóill a theastaíonn pleananna pearsanta oiliúna agus forbartha ó chuid mhór mac léinn, go háirithe mic léinn Pháirtaimseartha agus Chianda agus mic léinn Leibhéal 9. Is gnách go dtagann feabhas ar an tuiscint ar cheanglais tráchtais de réir mar a théann mic léinn in aois, rud a thugann le tuiscint gurbh fhiú tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhic léinn óga chun cabhrú leo ceanglais agus spriocdhátaí a thuiscint.

D'easaontaigh thart ar 25% de na freagraithe uile leis an ráiteas á rá go raibh duine ann lena bhféadfadh siad labhairt faoina ngnáthfhadhbanna laethúla, rud a thugann le tuiscint gur ann do mhéid suntasach aonraithe shóisialta san eispéireas ar an oideachas tríú leibhéal. B'fhearr i bhfad an figiúr sin, áfach, ná an 34% a tuairiscíodh sa bhliain 2021.

Ní cosúil go bhfuil cláir seimineár sách leabaithe isteach i gcultúr taighde an ardoideachais. Agus tá scóip ann go fóill deiseanna níos foirmiúla a thabhairt do mhic léinn a gcuid taighde a phlé le mic léinn eile taighde (tá deis ar leith ag Institiúidí Ardoideachais Teicneolaíochta obair leantach a dhéanamh i leith na dtorthaí seo, ar mhaithe le rochtain níos fearr a thabhairt do mhic léinn ar chláir seimineár). Mar an gcéanna, is féidir le ranna agus le scoileanna feabhas a chur ar na deiseanna struchtúrtha a thugtar do mhic léinn a bheith páirteach sa mhórphobal taighde. Modh amháin ina bhféadfaí déanamh

9 Chun faisnéis a fháil faoi roinnt buntáistí agus dúshlán, féach: Pyhältö, K., Tikkanen, L., & Anttila, H. (2023). The more the merrier? PhD supervisors' perspectives in engaging in co-supervision. Innovations in Education and Teaching International, 61(6), 1460–1471. https://doi.org/10.1080/14703297.2023.2258853

amhlaidh is ea cláir seimineár atá faoi stiúir ag mic léinn a sheoladh ar bhonn trasrannach. D'fhéadfadh sé sin cabhrú freisin le laghdú a dhéanamh ar na braistintí aonraithe shóisialta a thuairiscigh roinnt freagraithe.

Tá sé mar bhunchuspóir luaite ag Institiúidí Ardoideachais feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn. Mar sin féin, cé go raibh meas ann, tríd is tríd, ar aiseolas ó mhaoirseoirí, bhraith níos lú ná leath na mac léinn (46%) go bhfuil meas ag a n-institiúid ar aiseolas ó mhic léinn céime taighde agus go bhfreagraíonn sí don aiseolas sin. Is ábhar imní é freisin gur smaoinigh beagnach duine amháin as gach triúr mac léinn (31%) faoi éirí as a gclár. Tríd is tríd, ar fud na bhfreagraithe uile, ba iad seo a leanas na cúiseanna a tugadh le breithniú a dhéanamh ar éirí as: cúiseanna airgeadais (13%); cúiseanna pearsanta nó teaghlaigh (13%); sláinte (8%); fostaíocht (5%); aistriú chuig institiúid eile (4%); agus cúis eile (6%). Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil mórán tionchair ná smachta ag institiúidí ar chúiseanna den sórt sin.

Cé go raibh mic léinn Páirtaimseartha agus Chianda ní ba shásta lena saol ná mic léinn Lánaimseartha (81% i gcomparáid le 68%), léirítear sna torthaí foriomlána do tháscairí eile gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhic léinn Páirtaimseartha agus Chianda go fóill. Mar shampla, maidir le hacmhainní ríomhaireachta, d'aontaigh formhór na bhfreagraithe go raibh soláthar leordhóthanach acu, beag beann ar an gcineál institiúide a bhí i gceist. Bhraith níos lú ná leath na mac léinn Páirtaimseartha agus Cianda, áfach, go raibh an soláthar leordhóthanach. Fiú amháin i gcás go bhfuil acmhainní nó deiseanna agus tairiscintí oideachais ar fáil in institiúid, léirítear sa suirbhé seo nach gá go gciallaíonn sé sin go mbainfidh mic léinn Pháirtaimseartha agus Chianda leas astu. Dá réir sin, ní mór d'Institiúidí Ardoideachais tuilleadh breithniúcháin a dhéanamh ar conas is féidir feabhas a chur ar eispéireas foriomlán an chohóirt seo agus a chuid riachtanas a thuiscint.

Maidir le hinscne, is féidir cosúlacht leathan ó thaobh eispéiris de a fheiceáil i roinnt mhaith de na freagraí. Tá difríochtaí soiléire ann i réimsí áirithe, áfach. Mar shampla, níor thuairiscigh ach 37% de fhreagraithe den inscne Bhaineann go bhfuair siad comhairle maidir le roghanna gairme, i gcodarsnacht le 45% de fhreagraithe den inscne Fhireann. Chomh maith leis sin, agus iad ar an inscne is leitheadúla i réimsí tearc-chistithe amhail na hEalaíona agus na Daonnachtaí, b'ísle sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann a fuair scoláireachtaí ná sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann a fuair scoláireachtaí (56% i gcomparáid le 61%). Mar an gcéanna, b'airde sciar na bhfreagraithe den inscne Bhaineann ar ghá dóibh iad féin a chistiú ná sciar na bhfreagraithe den inscne Fhireann ar ghá dóibh déanamh amhlaidh (19% i gcomparáid le 14%) I gcodarsnacht leis sin, b'airde sciar na ndaoine den inscne Bhaineann a thuairiscigh go bhfuair siad oiliúint chun a scileanna taighde a fhorbairt ná sciar na ndaoine den inscne Fhireann a rinne amhlaidh (81% i gcomparáid le 78%). Rud atá ríthábhachtach go fóill maidir le tairiscint chomhionann oideachais ardleibhéil a sholáthar is ea difríochtaí neamhriachtanacha i dtuairisciú den sórt sin a thuiscint agus a mhíniú agus deireadh a chur leo.

Braitheann gach Institiúid Ardoideachais ar phíblíne iontrálaithe dea-ullmhaithe a fuair teagasc láidir ag leibhéil níos luaithe. Mar sin féin, bhí sé mar thosaíocht an-íseal ag freagraithe, fiú amháin iad sin a bhí ag déanamh staidéar ar an Oideachas, gairm a shaothrú sa teagasc agus foghlaimeoirí a ullmhú don

ardoideachas. I gcodarsnacht leis sin, chuir cuid mhór freagraithe spéis láidir in iúl i ngairmeacha acadúla laistigh den ardoideachas. Tugann sé sin le tuiscint nach meastar an ghairm teagaisc féin a bheith neamhtharraingteach ach go bhféadfaí níos mó a dhéanamh chun conairí teagaisc a théann ar aghaidh chuig an ardoideachas a dhéanamh níos tarraingtí.

Nuair a chuirtear aois san áireamh, is féidir éagsúlachtaí suntasacha a fheiceáil i roinnt freagraí ar an suirbhé seo. I gcásanna áirithe, tá athrú líneach ann ón gcohórt is óige go dtí an cohórt is sine, nó a mhalairt. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh chun tuiscint a ghnóthú ar na hathruithe a thagann ar eispéireas na bhfoghlaimeoirí de réir mar a théann siad in aois agus chun a fháil amach an féidir leas a bhaint as na nithe a n-éiríonn leo d'aoisghrúpa amháin ionas go n-éireoidh leo do chách.

Saincheist a tháinig chun cinn an athuair sa suirbhé seo is ea go bhfuil sé mar ardtosaíocht ag céimithe ardoideachais gairmeacha a shaothrú san ardoideachas, cé go bhfuil easpa deiseanna acadúla ar fáil fós. Is as an neamhréir sin idir an t-éileamh agus an fháil a thagann ábhair imní faoi ionchais céimithe agus faoina n-ullmhacht gairme. Ba cheart do ghníomhaithe beartais náisiúnta, d'institiúidí acadúla agus d'fhostóirí obair le chéile chun a infheicthe agus a tharraingtí atá gairmeacha taighde agus gairmiúla lasmuigh den saol acadúil a chur chun cinn.

D'fhéadfadh fostóirí atá ag lorg iarchéimithe taighde cur lena tharraingtí atá siad trí fheabhas a chur ar a infheicthe agus a tharraingtí atá tairiscintí/deiseanna gairme ardscileanna. Tugtar le tuiscint sa suirbhé seo go bhféadfadh fostóirí cur lena tharraingtí atá siad trí chomhpháirtíochtaí láidre taighde a thógáil le hinstitiúidí ardoideachais agus trí thuilleadh socrúchán taighde a thairiscint do mhic léinn Leibhéal 9 agus Leibhéal 10. Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara freisin go mbíonn seans níos fearr ann go bhfillfidh mic léinn ar fhostóir a d'urraigh iad ná ar fhostóir nár urraigh iad.

Mar fhocal scoir, leanaimid le méadú fáilteach a fheiceáil ar an líon mac léinn a thuairiscíonn go bhfuil siad ag obair i gcomhar le heagraíocht sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí. Tá an ráta comhoibrithe cothrom le 26% anois (níos airde ná an figiúr i suirbhéanna roimhe). Is léiriú é sin ar neartú leantach an chomhair, agus ar an bhfás leantach ar líonraí comhoibríocha, idir an tsochaí shibhialta agus an lucht léinn, rud ar cheart go gcabhródh sé leis na figiúirí sin a mhéadú amach anseo.

Dúshlán suntasach atá ag teacht chun cinn anois is ea conas na treochtaí dearfacha atá le feiceáil againn a leabú agus conas leas a bhaint as na nithe arb eol dúinn go n-éiríonn leo agus go bhfeabhsaíonn siad an t-eispéireas ardoideachais, ionas go mbainfidh na mic léinn uile tairbhe as sin.

Tuilleadh Faisnéise

Le Mol Sonraí PGR StudentSurvey.ie, atá ar fáil ag www.studentsurvey.ie, tugtar rochtain ar shonraí suirbhé do na blianta 2019, 2021, 2023 agus 2025. Is féidir le húsáideoirí torthaí a iniúchadh trí dheaiseanna idirghníomhacha, agus ceisteanna agus cohóirt is ábhair spéise á roghnú acu. Tá sonraí faoi dhaonraí freagartha ar fáil freisin, agus is féidir an comhéadan a úsáid chun neamhfhreagraithe a chur ar áireamh san anailís nó a eisiamh uaithi. Leis na leideanna uirlise, tarraingítear aird ar réimsí ina bhfuil an líon freagraithe íseal, ar mhaithe le léirmhíniú a threorú.

Tá fáilte roimh cheisteanna nó iarrataí ar thuilleadh faisnéise, agus is féidir iad sin a sheoladh chuig an Dr Kieran McNally[10] trí ríomhphost a chur chuig info@studentsurvey.ie.

10 Ba mhaith leis an Dr Kieran McNally buíochas a ghabháil le comhaltaí de Ghrúpaí Rialachais StudentSurvey.ie agus leis an Dr Vivienne Patterson, Valerie Harvey, an Dr Christopher May, Niamh Reddan, Alison Mac Dermott agus an Dr Deirdre Quinn, a chuid comhghleacaithe san ÚAO, as an gcúnamh a thug siad agus an doiciméad seo á ullmhú.